Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Mná, an tSíochain agus an tSlándáil:

## Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Rún 1325 agus rúin gaolmhara ón Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

2019 – 2024



Is é mo chur chuige maidir lé síochain a chothú, chun cinnte a dheanamh nach amhain ceannairí polaitiúla atá i gceist, ach an tsochaí shibialta iomlain, le mná san aireamh. Muna bhfuil an tacaíocht agus rannpháirtíocht iomláin mná ann, ní éireoidh aon chomaontú síochána.

Mary Robinson,
Cathaoirleach na Seanóirí agus Iar-Uachtarán na hÉireann

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| 04 | Réamhrá |
| 06 | Liosta Giorrúchán |
| 08 | Achoimre Fheidhmeach |
| 10 | Réamhrá |
| 11 | Cúlra agus comhthéacs |
| 12 | Modheolaíocht |
| 13 | Creat Colún |
| 15 | Colúin |
| 21 | Réigiúin |
| 24 | Monatóireacht agus Measúnú |
| 27 | Iarscríbhinn I: Creat Monatóireachta don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil 2019–2024 in Éirinn |
| 47 | Iarscríbhinn II: Comhaltaí an Ghrúpa Oibre chun an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a Fhorbairt |
| 48 | Iarscríbhinn III: Grafaic maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| 49 | Iar-nótaí |

# Réamhrá

ón **Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**,
Simon Coveney TD



Tá Éire meáite ar mhná agus ar chailíní a chur i lár na hoibre a dhéanaimid chun an choinbhleacht a chosc agus a réiteach.  Is léiriú é ar luachanna na hÉireann go bhfuilimid ag iarraidh a chinntiú go gcothófar an tsíocháin ar bhonn na gceart, an comhionannais agus na hionchuimsitheachta ach tá sé dár leas straitéiseach freisin.

Déanann an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann athnuachan ar ár dtiomantas do Chlár Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme, ag aithint an tionchair ar leith a bhíonn ag an gcoinbhleacht ar mhná agus ar chailíní agus na tábhachta a bhaineann le rannpháirtíocht na mban i suíomhanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta.

Leagtar amach an straitéis agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe againn do na cúig bliana amach romhainn sa Phlean Gníomhaíochta agus tá sé ag teacht go dlúth le *Domhain Níos Fearr*, beartas nua forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, a bhfuil an comhionannas inscne mar cheann de na ceithre thosaíocht ann.

Táimid meáite ar an obair a dhéanaimid a threisiú agus an maoiniú a chuirimid ar fáil do Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil a mhéadú ar fud ceithre cholún: cosc, rannpháirtíocht, cosaint agus cur chun cinn. Forbróimid na láidreachtaí a bhí i bpleananna roimhe seo, lena n-áirítear an mhonatóireacht agus an mheastóireacht; ár dtaithí ar an bhforbairt a roinnt le tíortha eile agus PGN a chur chun feidhme; leanúint d'aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna leis an gcoinbhleacht; agus daoine a chosaint ar an bhforéigean ar bhonn inscne i suíomhanna coinbhleachta agus é a chosc. Táimid meáite ar ionadaíocht na mban agus peirspictíochtaí inscne a neartú inár gcuid oibre síochána agus slándála go léir, agus cuirfear béim ar leith ar fhóraim dí-armála agus neamhleata, agus ar an tsíochánaíocht. Leathnóimid ár bhfócas freisin chun aghaidh a thabhairt ar na noirm bhunúsacha idirdhealaitheacha inscne agus ar éagothroime níos leithne a bhíonn mar bhonn leis an bhforéigean agus béim níos mó a leagan ar dhaoine óga agus iad a chur san áireamh sa chlár oibre seo. Méadóimid ár nguth agus guth na mban, agus díreofar ar an gcur chun cinn a dhéanaimid ar chlár oibre MSS a mhéadú agus a neartú.

Thuill mná a n-áit ag cainteanna síochána i dTuaisceart Éireann trí na hiarrachtaí diongbháilte a rinne siad féin. Leanann an obair trasphobail agus trasghlúine a dhéanann mná ag cothú na síochána ar oileán na hÉireann inniu. Is cúis díomá gur eisceacht é Tuaisceart Éireann fós seachas gnáthshampla maidir le leibhéal rannpháirtíochta na mban sna Próisis Síochána. Táimid meáite air go leanfaidh MSS mar chuid ríthábhachtach den tsíocháin a chothú ar oileán na hÉireann.

Is tír í Éire a bhfuil éagsúlacht shaibhir ag baint léi, agus tháinig líon mór ban atá ina gcónaí anseo ó áiteanna ina bhfuil coinbhleacht nó ina raibh coinbhleacht. Féachann an plean lena chinntiú go gcuirtear riachtanais ar leith na mban sin a bhí in áit ina raibh coinbhleacht san áireamh sna seirbhísí a chuirtear ar fáil chun tacú lena bhfóirithint agus a dtéarnamh ó thráma na coinbhleachta.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht bhríoch daoine de gach aois, pobal, agus cúlra, sna díospóireachtaí Síochána agus Slándála. Táim bródúil as an bpróiseas leathan comhairliúcháin a reáchtáladh chun an plean seo a fhorbairt agus ballraíocht ilghnéitheach na Grúpa Oibre a bhí i gceannas ar an bplean a fhorbairt. Chualamar ó mhná agus ó fhir in áiteanna ar fud oileán na hÉireann lena n-áirítear baill de phobail nua agus ónár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Neartaigh agus shaibhrigh na guthanna sin an plean seo.

Mar gheall ar na tuairimí agus ar an taithí atá ag Éirinn, tá Éire, mar chosantóir domhanda ar MSS agus mar bhall ionchasach de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, meáite ar Chlár Oibre MSS a chur chun feidhme tríd an bPlean seo, idir an gnáthphobal agus institiúidí domhanda. Tuigimid go ndéanfar comóradh 20 bliain ó glacadh an chéad rún maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (UNSCR1325) le linn saolré an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta seo ach ar an drochuair, go bhfuil an bhearna sa chur chun feidhme fós sách mór. Ní mór go mbeadh níos mó i gceist le rúin MSS ná reitric agus go dtabharfar chun críche iad. Tá sé in am againn - déanaimis ár ndícheall.

*Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála,*
**Simon Coveney TD**

# Réamhrá

## on **Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar a bhfuil freagracht speisialta don Diaspóra agus d'Fhorbairt Idirnáisiúnta,** Ciarán Cannon TD



Cuireadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a bhí ann go dtí seo chun feidhme go han-éifeachtach agus leis sin cuireadh an comhionannas inscne i gcroílár bheartas eachtrach na hÉireann. Is é an chéad chéim eile ar an aistear sin sa bhaile agus thar lear an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil.

I mí Feabhra 2019, sheol an Rialtas, *Domhain Níos Fearr*, beartas nua na hÉireann i leith na forbartha idirnáisiúnta: Is ceann de na ceithre thosaíocht atá ag Éirinn i leith na hoibre forbartha idirnáisiúnta a dhéanaimid an comhionannas inscne, mar aon leis an ngníomhú ar son na haeráide, riachtanas daonnúil a laghdú agus rialachas a neartú. Geallann Éire le *Domhain Níos Fearr* go ndéanfar an comhionannas inscne a neartú sna trí chnuasach idirghabhálacha - bia, cosaint agus daoine.

Bhí ról lárnach ag Éirinn, i gcomhar leis an gCéinia, sa phróiseas lenar comhaontaíodh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI), a thugann comhthéacs don bhéim a chuirtear in *Domhain Níos Fearr* ar an té is faide ar gcúl a thabhairt chun tosaigh ar dtús. Is é an comhionannas inscne, mar chuspóir agus mar thiománaí na forbartha inbhuanaithe, an bonn lena mbainfear SFIanna amach agus, ar ndóigh, tá sé i gcroílár an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil.

Sa chomhthéacs seo, ba mhaith liom aird a tharraingt ar SFI 5, maidir le comhionannas inscne, agus SFI 16, maidir le sochaithe síochánta ionchuimsitheacha a chur chun cinn. Tacaíonn an dá rud lena chéile: nuair a dhéantar an comhionannas inscne a chur chun cinn agus a chosaint, tacaíonn sé le sochaithe síochánta ionchuimsitheacha a chruthú. Le 5 bliana anuas, léirigh 15 as an 20 tír is mó feabhais ina scór inmheánach ar an Innéacs Domhanda Síochána go raibh feabhas orthu faoin táscaire “éagothroime inscne” freisin.

In 2017, thuairiscigh an Coiste um Chúnamh Forbartha ECFE gur chuir thart ar 86% de mhaoiniú forbartha idirnáisiúnta na hÉireann go mór leis an gcomhionannas inscne agus le cumhachtú na mban. Táimid tiomanta d’fhorbairt a dhéanamh ar an tús láidir seo ach an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme.

Áirítear i measc na ngealltanas a thugaimid go méadófar leithdháiltí a bhaineann go díreach le comhionannas inscne agus infheistíochtaí freisin. Áirítear orthu sin guth na mban a neartú sa chinnteoireacht pholaitiúil; rannpháirtíocht le heagraíochtaí agus gluaiseachtaí ban a mhéadú agus maoiniú dóibh a mhéadú freisin; agus, obair ar fhoréigean ar bhonn inscne agus ar chosaint a threisiú.

Geallann Éire le *Domhain Níos Fearr* an obair a dhéantar maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a leathnú agus a dhoimhniú, an obair a dhéantar i ndáil le mná a chumhachtú go heacnamaíoch a mhéadú agus an infheistíocht a dhéantar san oideachas, go háirithe oideachas cailíní, a mhéadú.

Mura bhfeabhsaítear an rochtain ar bhia, uisce, cúram sláinte, agus oideachas do mhná agus do chailíní agus mura gcosnaítear ar an bhforéigean ar bhonn inscne, laghdaítear go mór an seans go mbeidh siad in ann rannpháirtíocht bhríoch a ghlacadh maidir le cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Aithníonn an obair a dhéanann Éire ar son an chomhionannas inscne go bhfuil baint bhunúsach le hionadaíocht agus cumhacht pholaitiúil a bhaint amach do mhná le hionadaíocht agus cumhacht shocheacnamaíoch na mban. Tá sé seo i gcroílár an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, ina n-aithnítear freisin go bhfuil dlúthbhaint idir gnéithe intíre agus gnéithe idirnáisiúnta.

Bhí an chomhpháirtíocht ríthábhachtach sa tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a fhorbairt. Beidh sé lárnach freisin maidir lena chur chun feidhme. Táimid tiomanta don obair a dhéanamh i gcomhar le ranna eile Rialtais, leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí iltaobhacha agus i bhfóraim iltaobhacha chun an Plean a thabhairt chun críche, agus is buntáiste mór dúinn ár mballraíocht san Aontas Eorpach.

Aithnítear le cur chuige comhpháirtíochta na hÉireann go bhfuil ról ríthábhachtach ag fir agus ag buachaillí maidir leis an gClár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a thabhairt chun críche.

Nuair a éisteann muid le guth na mban agus nuair a chloiseann muid iad, téann sé chun tairbhe dúinn go léir: má dhéanaimid neamhaird ar ghuth na mban, bímid ar fad thíos leis. Ag féachaint chun chinn don chomóradh 25 bliain ar Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, tá sé in am bogadh ó éagothroime inscne go ceartas inscne: Tá Éire meáite ar an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun feidhme agus a cuid a dhéanamh.

*Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar a bhfuil freagracht speisialta don Diaspóra agus d'Fhorbairt Idirnáisiúnta,*
**Ciarán Cannon TD**

# List of Abbreviations

| | |
|---|---|
| **ABSI** | An tAonad um Beartas Slándála Idirnáisiúnta (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) |
| **ACD** | An tAonad um Chearta Daonna (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) |
| **ARC** | An tAonad um Réiteach Coinbhleachta (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) |
| **ATU** | Athbhreithnithe Tréimhsigh Uilíoch |
| **CBSC** | Chomhbheartas Slándála agus Cosanta |
| **CEDAW** | An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú |
| **CÉFBI** | Cuibhreannas na hÉireann ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne |
| **COE** | Comhairle na hEorpa |
| **COF** | Cúnamh Oifigiúil Forbartha |
| **ECAT** | Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eachnamaíochta |
| **ESCE** | An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip |
| **FGI** | Foréigean ar Bhonn Inscne |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **GFI** | Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais) |
| **GNPSB** | Biúró an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta |
| **GRIDO** | Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas, Idirchultúrachas & Éagsúlacht |
| **IIA** | Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais |
| **IRPP** | Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint |
| **MSS** | Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil |
| **OPMI** | Oifig chun Lánpháirtíocht Imirceach a Chur Chun Cinn |
| **ÓSS** | An Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil |
| **PGN** | Plean Gníomhaíochta Náisiúnta |
| **PVE** | Antoisceachas Foréigneach a Chosc |
| **RCFA** | Rannán um Comhoibriú Forbartha agus na hAfraice |
| **RDCC** | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **RDN** | An Rannóg Dí-armála agus Neamhiomadaithe |
| **RFTP** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| **RGET** | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| **SFI** | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| **STO** | An Oifig um Chlaochlú Straitéiseach |
| **TMÚG** | Teacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach |
| **UNIFIL** | Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin |



*An Cholóim – An cultúr Afra-Colóime a chaomhnú trí amhránaíocht*
*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

# Achoimre Fheidhmeach

Is é sprioc bheartas eachtrach na hÉireann thar aon ní eile domhan níos síochánta, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá a fhios againn go maith nach bhféadfar síocháin bhuan a bhaint amach mura mbeidh sochaí níos cothroime agus níos cuimsithí againn. Ceann de na gnéithe is bunúsaí a bhaineann leis sin is ea comhionannas inscne agus cearta comhionanna a bhaint amach do gach uile bean agus cailín.

Is mó seans atá ann go seasfaidh comhaontuithe síochána a idirbheartaítear i measc ban, agus is mó seans go mbeidh sochaithe ina mbítear ag streachailt ar son an chomhionannais inscne níos síochánta sa deireadh thiar. Bhí mná ag stiúradh an phróisis a bhain le síocháin a bhaint amach i dTuaisceart Éireann agus tacaíonn siad i gcónaí le cothú na síochána ar fud an domhain mhóir.

Tá tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) de chuid na hÉireann ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, mar ghné lárnach dár dtiomantas níos leithne maidir le comhionannas inscne ar tosaíocht é i mbeartas eachtrach na hÉireann, agus a léirítear i *An tOileán Domhanda* agus sa bheartas nua maidir le forbairt idirnáisiúnta, *Domhain Níos Fearr*.[1]

Cuireann an PGN de cheangal ar Éire an drochthionchar a bhíonn ag an gcoinbhleacht ar mhná agus ar chailíní a aithint; ar thús áite a thabhairt do chomhionannas inscne i ngach gné dár gcuid rannpháirtíochta sa tsíocháin agus sa tslándáil idirnáisiúnta agus i gcomhthéacsanna leochaileacha ina bhfuil coinbhleacht; agus ceart na mban ar rannpháirtíocht chothrom agus an ról tábhachtach atá acu mar cheannairí i ngach próiseas cothú na síochána a chur chun tosaigh. Mar chuid dár dtiomantas do chomhionannas inscne cinntímid go ndírímid thar aon ní eile ar chomhionannas inscne i ngach ceann dár gcomhpháirtíochtaí agus idirghabhálacha, agus ar ár dtuiscint ar thionchar inscneach na bochtaineachta, an neamhionannais, an athraithe aeráide agus na coimhlinte a dhoimhniú tuilleadh.

Is ionann é agus na cuspóirí atá leagtha amach i Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus na hocht rún ghaolmhara a chomhlíonadh.[2] Is gné lárnach é freisin de thiomantas na hÉireann Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 (Iarscríbhinn III) a bhaint amach mar aon lenár n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW). Fad is a bhí an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo á tharraingt suas, is rí-léir a thuigeamar go bhfuil an dul chun cinn ar an gClár Oibre do Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) rómhall ar fud na cruinne. Is meabhrú caoithiúil don phobal domhanda é Cothrom 20 Bliain Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe in 2020 chun iarrachtaí a dhúbailt arís chun go mbainfidh MSS a chumas bunathraitheach amach.

Ag tógáil ar na huaillmhianta a leagadh amach i bpleananna roimhe seo, tá cuntas sa PGN maidir lenár dtiomantas a chinntiú go ndírítear thar aon ní eile ar chomhionannas inscne i ngach rud a dhéanaimid agus a deirimid. Tá an obair a dhéanaimid le dí-armáil agus in aghaidh iomadú núicléach i gceist leis sin chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'obair shíochána atá bunaithe sa phobal agus atá á stiúradh go háitiúil agus na noirm shóisialta a athrú in iarracht deireadh a chur le FBI. Áirítear leis freisin agus rud sainiúil é go bhfuil tiomantais inmheánacha sa phlean chun tacú le mná agus le cailíní a raibh tionchar ag an gcoinbhleacht i dTuaisceart Éireann orthu agus ar an daonra imirceach in Éirinn a thagann ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Tabharfar aitheantas sa chur is cúiteamh a bhíonn againn maidir le síocháin, slándáil, cosc na coinbhleachta, dí-armáil agus cothú na síochána ní hamháin do na cearta agus do na riachtanais atá ag mná agus ag cailíní agus don ról tábhachtach atá acu mar cheannairí, ach rachfar i ngleic freisin leis na noirm agus na neamhionannais inscne atá mar bhonn is mar thaca ag foréigean, neamhionannas agus ag coinbhleacht. Áirítear leis sin an chumhacht a thabhairt do mhná agus do chailíní a bheith rannpháirteach go cothrom agus go stuama i bpléití síochána agus slándála, agus tacú lena gcosaint agus leis an gcaoi a dtagann siad chucu féin ó aon dochar a bhaineann le coinbhleacht. Tá sé sin ar aon dul leis an gcaoi a ndírímid thar aon ní eile ar dhul i gcion orthu siúd is faide ar gcúl ar dtús.

Tá fís uaillmhianach curtha le chéile sa PGN seo, thar naoi gcinn de thorthaí straitéiseacha, le haghaidh raon idirghabhálacha éagsúla thar ceithre cholún – Cosc, Rannpháirtíocht, Cosaint agus Cur Chun Cinn.

Agus iarracht á déanamh an fhís sin a bhaint amach, oibreoimid ar fud ranna Rialtais eile agus i gcomhpháirtíocht leo féin agus leis an tsochaí shibhialta, ar bhonn idirnáisiúnta agus ag baile. Tá Éire meáite ar ár n-iarrachtaí agus an móiminteam maidir le MSS a mhéadú as seo go ceann cúig bliana, ó lár 2019 go dtí lár 2024.

I measc na bpríomh-bhuaicphointí, na dtionscnamh nua agus na dtiomantas neartaithe sa phlean tá siad seo a leanas:

- » Ár maoiniú do MSS a mhéadú;
- » Mná agus peirspictíochtaí inscneacha a bheith i gcroílár ár dtaidhleoireachta iltaobhaí lena n-áirítear i gcomhthéacs iarrthóireacht na hÉireann chuig Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le haghaidh téarma 2021-2022, agus ballraíocht ionchasach ar an gComhairle Slándála;
- » Cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir le cosc na coinbhleachta agus anailís agus peirspictíochtaí maidir le hinscne a chuimsiú;
- » Tacaíocht agus cumarsáid fheabhsaithe maidir le MSS, lena n-áirítear trí chomhroinnt ceachtanna agus comhthéacsanna fócais;
- » Urrúntacht na monatóireachta agus an mheasúnaithe a mhéadú (lena n-áirítear trí CEDAW);
- » Gné intíre an PGN a neartú;
- » Ag dul i ngleic le noirm inscne a chruthaíonn idirdhealú agus rannpháirtíocht fear agus buachaillí ó thaobh tacú leis an gClár Oibre MSS a fheabhsú;
- » Tús áite a thabhairt do chuimsiú na mban agus peirspictíocht na mban i gcainteanna maidir le dí-armáil, rialú agus neamhiomadú arm;
- » An iliomad ról agus aitheantas atá ag daoine a aithint agus an tionchar a bhíonn acu sin ar shochaithe i gcoinbhleacht;
- » Glór daoine óga a mhéadú.




*An Tánaiste Simon Coveney TD, Ambasadóir Geraldine Byrne-Nason, Kristen Bell agus Louane ag Ócáid Chiste Síochána agus Daonnúil na Mná i Meán Fómhair 2018*
*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*



*An Indinéis – Plé Cothú na Síochána Pobail*
*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

# Réamhrá



*Obair Daonnúil Mná NA le teifigh i Camarún*
*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

Glacadh le Rún 1325 ó Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2000, agus cor cinniúna a bhí ann toisc gur thug an pobal idirnáisiúnta aitheantas don tionchar ar leith a imríonn coinbhleachtaí ar mhná agus ar chailíní. Rinneadh atreisiú ar Rún 1325 ón gComhairle Slándála le hocht rún ina dhiaidh sin agus tá sé leagtha amach timpeall ar cholúin téamacha. Aithnítear sa Chlár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) an drochthionchar ar leith a bhíonn ag coinbhleacht ar mhná agus ar chailíní, agus ar an ról ríthábhachtach atá acu ó thaobh coinbhleacht a chosc, i gcainteanna síochána, i gcothú na síochána, in idirghabháil, agus ó thaobh rialachais.




*Coimeádaithe Síochána Mná sa Liobáin le UNIFIL*
*Grianghraf: Grianghraf NA/ Pascual Gorriz*

# Cúlra agus comhthéacs

Chuir Éire dhá Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil chun feidhme cheana féin. Seoladh céad PGN na hÉireann in 2011. Tógadh forbairt an phlean ar thionscnamh agus ar chomhairliúchán sainiúil ar thug gach taobh rud éigin leo as, lena raibh baint ag an Libéir, Tíomór Thoir agus oileán na hÉireann agus a sholáthair an bhunchloch le haghaidh thionscnaimh na hÉireann maidir le MSS. Ó glacadh é, bhí Clár Oibre MSS dírithe timpeall ar cholúin ina dtugtar creat oibríochta don Chlár Oibre MSS agus bhain Éire leas as an struchtúr sin chun ár bpleananna a dhíriú. Seoladh dara PGN na hÉireann in 2015 agus bhí sé bunaithe ar cholúin amhail Cosc, Rannpháirtíocht, Cosaint agus Cur Chun Cinn. Sainíodh roinnt cuspóirí i ngach colún mar aon le gníomhartha soiléire, spriocanna, agus tréimhsí ama. Tarraingíodh suas




*CSW63- Seisiún Deiridh. Ionadaí Buan na hÉireann do na Náisiún Aontaithe Ambasadóir Geraldine Byrne Nason, Leas-Bhuanionadaí go dtí na Náisiúin Aontaithe de an Chéinia, Ambasadóir Koki Muli Grignon*

*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

an dá phlean roimhe sin tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí le rannpháirtíocht fhada ón tsochaí shibhialta. D'oibrigh na pleananna sin chun Foréigean ar bhonn Inscne (FBI) agus Teacht i dTír Gnéasach agus Mí-úsáid Ghnéasach (TMÚG) a chomhrac, dul i ngleic le saoirse ó phionós, agus rannpháirtíocht na mban i ngach leibhéal cinnteoireachta agus cothú na síochána a mhéadú. Tharraing na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach araon aird ar na meicníochtaí monatóireachta ionsuite, a Ghrúpa Maoirseachta go mór mór, agus an défhócas ar leith ar chláir oibre idirnáisiúnta agus intíre atá sa PGN mar eiseamláir dea-chleachtais. Chuir Éire peirspictíocht thábhachtach le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe rannpháirtíocht na mban i bpróisis agus in idirbheartaíocht síochána a áireamh trína taithí le mná a raibh tionchar ag coinbhleacht ar oileán na hÉireann orthu a roinnt leo.

Cé gur éirigh le go leor rudaí ar fud na gcolún, aithnítear ar fud an domhain nach ndearnadh an oiread céanna dul chun cinn ar chosc na coinbhleachta, lena n-áirítear ag cinntiú go ndéantar príomhshruthú ar pheirspictíochtaí inscne i ngach ceann de na hiarrachtaí sin.

Cuirtear san áireamh sa tríú plean seo na moltaí maidir le meastóireachtaí agus athbhreithnithe a dhéanamh ar phleananna roimhe seo agus ar chomh casta agus chomh hathraitheach is atá coinbhleacht sa lá atá inniu ann. Léirítear ann fócas neartaithe ar a chinntiú go mbeidh cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite maidir le cosc na coinbhleachta, conclúidí Staidéar Domhanda 2015 na Náisiún Aontaithe maidir leis an gClár Oibre MSS a chur chun feidhme,[3] an comhaontú maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh[4] a glacadh maidir le MSS.



*Painéal saineolaithe le linn an Chomhairliúcháin Phoiblí i gCorcaigh ar Fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta*

# Modheolaíocht

Thug na rudaí seo a leanas bonn eolais do thríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann:

## Torthaí Athbhreithniú Lár Téarma agus Deiridh an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta

Rinneadh Athbhreithnithe Lár Téarma agus Deiridh ar dhara PGN na hÉireann chun súil a chaitheamh ar an dul chun cinn agus ar na dúshláin a bhain lena chur chun feidhme.[5] Glacadh leis na moltaí ar fad a d'eascair ó na hathbhreithnithe sin lena n-áirítear an tríú plean a leathnú go dtí cúig bliana, samhail loighce a ghlacadh, agus an tábhacht atá le cuntasacht agus le tuairisciú tríd an gcur chuige "rialtais uile" a ghlacadh (Iarscríbhinn I).

## Grúpa Oibre a bhunú

Bunaíodh Grúpa Oibre inar cuimsíodh ionadaithe ó chomhlachtaí reachtúla, ón tsochaí shibhialta agus saineolaithe acadúla a bhfuil taithí ábhartha acu ar an gClár Oibre MSS ar mhaithe le forbairt an PGN. Lorgaíodh ainmniúcháin ó Ghrúpa Maoirseachta an dara PGN agus is é an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a cheap na comhaltaí. Díríodh ar an éagsúlacht agus ar chuimsiú laistigh den phróiseas ainmniúcháin. Ba é ról an ghrúpa bonn eolais a chur faoi fhorbairt an tríú PGN agus é a threorú. Bhí Cathaoirleach neamhspleách ar an ngrúpa agus chuir an tAonad um Réiteach Coinbhleachta Rúnaíocht ar fáil.[6]



*Oscailt an Seisiún 63 de chuid an Choimisiúin ar Stádas na mBan*
*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

## Comhairliúchán poiblí oscailte, trédhearcach agus beacht

Tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn agus fuarthas 48 aighneacht.[7] Eagraíodh trí cheardlann chomhairliúcháin, dhá cheann i gCorcaigh [8] agus ceann i mBaile Átha Cliath.[9] Tríd is tríd, bhí líon na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin faoi dhó chomh mór leis na comhairliúcháin a bhí ar siúl roimhe sin maidir leis an PGN. [10]

## Cur chuige Uile-rialtais

Ní bheifear in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an gClár Oibre MSS mura mbeidh comhoibriú agus comhar ar fud an Rialtais uile. [11]

- Leanfaidh an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, a d'fhorbair a bplean gníomhaíochta féin maidir le MSS, ag cur lena gcuid oibre ar chomhtháthú MSS in oibríochtaí síochána de chuid na Náisiún Aontaithe thar lear agus in oibríochtaí síochána arna sainordú ag na Náisiúin Aontaithe thar lear.
- Cuirfidh aonaid ar fud Rannáin um Chomhar Polaitiúil agus Forbartha agus Rannáin Afracacha sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an plean chun feidhme ar bhonn réigiúnach agus idirnáisiúnta, ag teacht leis an mbeartas forbartha nua *Domhain Níos Fearr*.
- Tháinig an ghné inmheánach chun cinn mar thosaíocht níos mó don phlean seo agus is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus An Garda Síochána a bheidh á stiúradh i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus den chéad uair riamh beidh ionchur aige ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Gnóthaí Pobail agus Tuaithe, agus gníomhaireachtaí stáit gaolmhara.

# Creat Colún

D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na físe seo, ceapadh an plean agus leagadh amach é bunaithe ar cheithre cholún, is iad sin:

» **C**osc

» **R**annpháirtíocht

» **C**osaint

» **C**ur Chun Cinn



*Plé comhchéime i rith na Ceardlainne Comhairliúcháin Phoiblí, Teach Uíbh Eachach, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*
*Grianghraf: Phil Behan*



*An tSeineagáil – Coumba Diaw - Ón áit a seasann mé*
*Grianghrad: Mná NA/ Assane Gueye*

Tá na colúin go léir fite fuaite ina chéile agus atreisíonn siad a chéile. Má táthar chun uaillmhianta agus cumas an Chláir Oibre MSS a chomhlíonadh caithfear obair a dhéanamh ar gach colún toisc go bhfuil siad ag brath ar a chéile. Ó na colúin sin tagann naoi gcinn de thorthaí straitéiseacha ina n-aithnítear agus ina leagtar síos cad a thriailfidh Éire a bhaint amach as seo go ceann cúig bliana. Sainaithnítear sa mhaitrís (Figiúr 1) cad atáimid ag iarraidh a athrú (tionchar) agus cén chaoi atá sé i gceist againn é sin a bhaint amach. In Iarscríbhinn 1 gheobhaidh tú amach cad a theastaíonn chun na torthaí sin a bhaint amach (gníomhartha) agus an chaoi a dtomhaisfimid an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo (táscairí).



*Comóradh Stáit, Pearsanra an Aerchóir*
*Grianghraf: Óglaigh na hÉireann*

# Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

## Thorthaí Straitéiseacha

**Monatóireacht agus Measúnú:**
Tríd na meicníochtaí cuntasachta seo a leanas
1. Grúpa Maoirseachta
2. Creat Monatóireacht
3. Meastóireacht Sheachtracht

Éireann

Domhanda

### Cur Chun Cinn

Léirítear cur chun cinn MSS trí fheabsú i abhcóideacht, cumarsáid, rannpháirtíocht agus roinnt na gceachtanna.

### Cosc

Tugtar tús áite do inscne in obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann.

Déantar anailís inscne comtháithe in obair na hÉireann ar síochain agus an tslándáil.

Téitear i ngleic le héifeachtaí agus le tiománithe fearúlachtaí díobhálacha.



**Fís:** Tá comhionannas inscne, cumhachtú agus chearta ráthaithe do gach mná agus cailín ó no ina gconaí i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht

### Rannpháirtíocht

Feabhsaítear ceannaireacht agus rannpháirtíocht mná ó chosc coinbhleachta go téarnamh coimhlinte.

Léirítear rannpháirtíocht mná atá ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht ina gconaí ar oiléan na hÉireann i déanamh cinntí.

Tá mná ina rannpháirtithe i ionadaíocht Rialtas na hÉireann i gach fóram síochána agus slándála.

### Cosaint

Cinntítear cosaint do mhná agus do chailíní I gcomhthéacsanna leochaileacha agus I gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht ann.

Déantar comhordú agus nearthaithe éifeachtach ar shásraí agus ar sheirbhísí faoiseamh agus téarnamh.

Figiúr 1

# Colúin

## Colún 1: Cosc

Glactar le cur chuige comhtháite i mbeartas eachtrach na hÉireann maidir le síocháin agus slándáil. Aithnítear ceithre phríomh-thosaíocht beartais inár mbeartas d'fhorbairt idirnáisiúnta lena n-áirítear comhionannas inscne, gníomh ar son na haeráide, rialachas a neartú agus riachtanas daonnúil a laghdú, rudaí go léir atá riachtanach chun an bhochtaineacht a mhaolú, coinbhleacht a chosc agus síocháin inbhuanaithe a fhorbairt. Beidh na nithe seo a leanas i gceist mar chuid dár dtiomantas do chur chuige cuimsitheach maidir le cosc na coinbhleachta lena n-áirítear ag dul i ngleic leis na bunchúiseanna:

### Ag dul i ngleic leis an neamhionannas

Is rud é an neamhionannas, lena n-áirítear neamhionannas inscne, a spreagann coinbhleacht. Ní mór dul i ngleic le cumhachtú na mban, ar bhonn eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil mar chuid de chosc na coinbhleachta agus de chothú na síochána. Oibreoimid chun dul i ngleic le neamhcomhionannas inscne thar gach réimse dár gcuid oibre. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na bunchúiseanna, cosúil le droch-chaidrimh neamhchothroma, steiréitíopaí inscne agus cleachtais a chuireann leis an idirdhealú i gcoinne ban agus cailíní. Is é an aidhm atá leis seo deireadh a chur le noirm shóisialta dhiúltacha lena n-áirítear iad sin ina nglactar le FBI agus le dearcaí. Féachfaidh Éire leis an neamhionannas agus le bochtaineacht antoisceach a chomhrac trí gach gné dár bhforbairt agus dár n-obair dhaonnúil, agus díreofar go háirithe ar an té is faide ar gcúl a shroicheadh ar dtús.

### Rannpháirtíocht Fear agus Buachaillí

Tá Éire meáite ar thuiscint níos fearr a fháil ar na bealaí difriúla a bhreathnaítear ar fhir agus ar mhná agus an tionchar a bhíonn aige sin ar an tsochaí. Tagraíonn noirm inscne idirdhealaitheacha do na bealaí sriantacha, nach dtugtar faoi deara go minic agus an bealach neamh-chomhfhiosach a dhéantar noirm shóisialta a láimhseáil laistigh de shochaithe chun cosc a chur ar chomhionannas agus ar rannpháirtíocht ban agus a chuireann le coinbhleacht, lena n-áirítear FBI. Tuigimid go bhfuil cineálacha éagsúla fearúlachtaí laistigh de gach sochaí, roinnt acu atá díobhálach agus mar chuid de na noirm inscne idirdhealaitheacha seo. Creidimid go gcaithfear dúshlán a thabhairt do na bealaí inar féidir noirm inscne idirdhealaitheacha, i bhfireannachtaí atá díobhálach go háirithe, a leabú sa dioscúrsa síochána agus slándála agus na caibidlíochtaí a leathnú lena chinntiú go mbeidh cur chuige níos iomláine ann maidir le slándáil an duine. Oibreoidh Éire chun dul i ngleic leis na bacainní struchtúracha agus sochaithe ar rannpháirtíocht ban agus déanfar sin ar bhealaí intomhaiste. Tacóimid le hiarrachtaí fir agus buachaillí a thabhairt linn, mar aon le ceannairí polaitiúla, pobail agus creidimh ar gach leibhéal, mar ghníomhairí don athrú mar thaca leis an gClár Oibre MSS agus mar chomhpháirtithe straitéiseacha chun deireadh a chur le FBI agus le hidirdhealú i gcoinne ban agus cailíní, is cuma cén cineál acu atá i gceist.

### Torthaí Straitéiseacha:

1.1 Tugtar tús áite do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban in obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann ar fad, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht chun beartais *Domhain Níos Fearr* agus *An tOileán Domhanda* a sheachadadh.

1.2 Déantar anailís inscne a chomhtháthú san obair a dhéanann Éire i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus ar shaincheisteanna síochána agus slándála, lena n-áirítear i dtaca le cosc na coinbhleachta, cothú na síochána agus beartas slándála agus dí-armáil.

1.3 Téitear i ngleic le héifeachtaí agus le tiománaithe fearúlachtaí díobhálacha agus norm idirdhealaitheach inscne, lena n-áirítear tacaíocht do rannpháirtíocht fear agus buachaillí mar abhcóidí agus mar pháirtithe leasmhara in MSS.



*Ambasadóir Catherine Campbell i Taoiseacht Kunike Barina, Réigiún Tonkolili, Siarra Leon Grianghraf: Phil Behan*

## Anailís inscne a chomhtháthú inár gcuid oibre i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus ar fhóraim shíochána agus shlándála

Tá dúshláin nua tagtha chun cinn de réir mar a d'athraigh na cineálacha coinbhleachtaí agus na dinimicí domhanda ó glacadh le Rún 1325 ón gComhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe. Ina measc sin tá an t-athrú aeráide, díláithriú agus imirce ollmhór fada, neamhionannas méadaithe, bagairtí a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise, infhaighteacht na dteicneolaíochtaí nua cogaidh agus an gá atá le hantoisceachas foréigneach a chosc. Aithníonn Éire go bhfuil gá anailís inscne a chuimsiú i ngach ceann dár bhfreagairtí beartais ar na dúshláin sin. Tá Éire meáite ar fhreagairt níos cuimsithí a fhorbairt maidir le dúshláin shíochána agus shlándála mar chuid dá beartas eachtrach, ag aithint na n-idirnasc idir coinbhleacht ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil. Mar chuid dár bhfreagra neartóimid an acmhainn áitiúil chun coinbhleachtaí a chosc agus chun an tsíocháin a chothú.

Tá tiomantais maidir leis an iltaobhachas, an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine fós mar bhunchloch ár mbeartais eachtraigh agus is é sin an rud is tábhachtaí ó thaobh dul i ngleic le dúshláin shíochána agus shlándála. Leanfaidh Éire ag obair laistigh den phobal idirnáisiúnta chun eagraíochtaí agus institiúidí idirnáisiúnta a fhorbairt a bheidh oscailte, ionadaíoch, trédhearcach agus éifeachtach agus a thiomáinfidh an tsíocháin chun cinn le mná agus peirspictíochtaí inscneacha ina gcroílár, lena n-áirítear i gcomhthéacs iarrthóireacht na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe, agus ballraíocht ionchasach na hÉireann ar an gComhairle le haghaidh téarma 2021–2022.

Tá Éire meáite ar a chinntiú go neartaítear anailís inscne agus ceannaireacht na mban i gcúrsaí rialachais, i gcosc na coinbhleachta, agus i bpróisis chothú na síochána ar gach leibhéal, agus nuair atá beartas slándála á fhorbairt, agus i mbearta dí-armála agus rialaithe arm.

## Dí-armáil mar uirlis chun an choinbhleacht a chosc

Aithníonn Éire go bhfuil nasc soiléir idir an riosca a bhaineann le FBI agus an tionchar díréireach a bhíonn ag armlón, ar mhná agus ar chailíní i gcoinbhleacht, go háirithe airm bheaga agus armlón éadrom. Bíonn tionchar díréireach ag an úsáid a bhaintear as armlón núicléach, lena n-áirítear mar thoradh ar radaíocht ianúcháin, ar mhná agus ar chailíní freisin. Leanfaidh Éire i mbun poiblíochta ionas go neartófar bearta dí-armála agus rialaithe arm, toisc go gcreidimid go láidir go gcuideoidh sé sin chun FBI a laghdú agus go ngníomhóidh sé mar uirlis fhadtéarmach chun coinbhleacht a chosc, agus ionas nach dtarlóidh foréigean arís i ndiaidh na coinbhleachta.

# Colún 2: Rannpháirtíocht

Is treoirphrionsabal í an rannpháirtíocht dár gcuid oibre ar oileán na hÉireann, bíodh sin ar bhonn réigiúnach agus inár gcuid oibre go hidirnáisiúnta. Féachtar sa phlean seo le deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht fhónta na mban trí na rudaí seo a leanas:

## Cur chuige trasnach

Ní grúpa aonchineálach iad na mná agus is iomaí idirdhealú agus is iomaí cineál idirdhealú a d'fhéadfaidís a fhulaingt mar gheall ar a bheith mar bhall de phobal creidimh, cultúir, eitneach, LADTA+ agus imirceach agus mar gheall ar a bheith faoi mhíchumas. Ar ndóigh d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na rudaí sin ar a rannpháirtíocht iomlán agus fónta ag gach leibhéal cinnteoireachta sa tsochaí. Tá Éire meáite ar an rannpháirtíocht ghníomhach agus éagsúil agus ceannaireacht na mban a mhéadú i róil chinnteoireachta sa saol polaitiúil, eacnamaíoch, agus sóisialta; i bpróisis shíochána agus shlándála; agus i ngníomh daonnúil, lena n-áirítear in obair chun géarchéimeanna a chosc agus riachtanas daonnúil agus forbairt fhadtéarmach a laghdú. Ní mór leis sin go gcuirfí na bacainní go léir ar rannpháirtíocht na mban san áireamh, lena n-áirítear foréigean struchtúrach.[12]



*Salome Mbugua ag labhairt ag an gCeardlann Comhairliúcháin Phoiblí, Teach Uíbh Eachach, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*
*Grianghraf: Phil Behan*

### Torthaí Straitéiseacha:

2.1 Is rannpháirtithe fónta iad na mná san ionadaíocht a dhéanann Rialtas na hÉireann ar gach fóram síochána agus slándála, lena n-áirítear ar leibhéal sinsearach cinnteoireachta agus ceannaireachta.

2.2 Déantar ceannaireacht agus rannpháirtíocht fhónta na mban i gcosc na coinbhleachta, i gcomhréiteach, idirghabháil, téarnamh ó choinbhleacht, slándáil idirnáisiúnta, cothú na síochána agus i bhfóraim dí-armála a fheabhsú go suntasach trí chumhachtú.

2.3 Is léir an feabhas a chuirtear ar chumhachtú agus ar rannpháirtíocht fhónta i gcinnteoireacht na mban ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear iad sin a mbíonn tionchar ag coinbhleacht orthu.

## Cumhachtú na mban

Is féidir leis an nós ina bhféachtar ar mhná mar íospartaigh amháin teorainn a chur le tionchair agus is féidir leis a bheith díobhálach do mhná. Aithníonn Éire na mná mar ghníomhairí don athrú. Is féidir an ceann is fearr a fháil ar bhacainní ar chumhachtú na mban trí dhíriú go straitéiseach ar rannpháirtíocht pholaitiúil, tacú le ceannaireacht na mban, roghanna agus acmhainní na mban a leathnú agus rochtain leanúnach a thabhairt dóibh ar oideachas agus ar oiliúint. Cuirfidh Éire cumhachtú ban agus cailíní chun cinn chun a n-ionad a ghlacadh mar cheannairí agus mar rannpháirtithe iomlána cothroma ina cuid oibre ag cothú na síochána agus ag cosc na coinbhleachta agus i mbun comhréitigh lena n-áirítear idirghabháil, comhphlé agus cosaint. Cuirfear ár gcuid oibre ar dhí-armáil, neamhiomadú agus rialú arm san áireamh freisin ón bpeirspictíocht seo.



*Public Consultation Workshop, Teach Uíbh Eachach, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Grianghraf: Phil Behan*

### Tacú le cothú na síochána agus idirghabháil sa cosmhuintire

Creideann Éire nach mór dúinn tuilleadh a dhéanamh chun an obair a dhéanann mná ag cothú na síochána ar leibhéal áitiúil agus i measc na cosmhuintire a aithint agus a chur in iúl, agus go deimhin tacú leis an obair sin. Ní mór dúinne slite a chruthú i gcomhair comhpháirtíochta agus na hiarrachtaí a dhéanann mná ar son chothú na síochána ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta a idirnascadh, nuair is iomchuí. Aithnímid agus táimid tiomanta dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag mná a bhíonn ag cosaint chearta an duine, ag grúpaí ban áitiúla, ag idirghabhálaithe agus idirbheartaithe ban ón ngnáthphobal.

Díreoimid ár n-iarrachtaí freisin ar rannpháirtíocht na mban i gcothú na síochána i measc an ghnáthphobail ar oileán na hÉireann. Beidh spreagadh ag an obair sin ón ngá atá le féachaint ar mhná atá ina gcónaí in Éirinn a d'fhulaing ó choinbhleacht mar ghníomhairí don athrú agus mar phríomhfhoinse eolais ó thaobh cosc na coinbhleachta agus stáit leochaileacha a thuiscint.

### Fócas ar an óige agus ar chomhphlé ó ghlúin go glúin

Mar a aithnítear tríd an gClár Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil (ÓSS), tá sé riachtanach go gcuimseofaí daoine óga go hiomlán agus go cóir in iarrachtaí chothú na síochána go buan. I measc obair na hÉireann sa cholún rannpháirtíochta díreofar ar chomhphlé ó ghlúin go glúin, forbrófar glór daoine óga agus tabharfar aitheantas don mhéid a bhíonn i bpáirt ag Cláir Oibre MSS agus ÓSS. Leis sin cuimseofar an gá atá le hinfheistíochtaí níos mó i gcumas, i ngníomhaíocht agus i gceannaireacht daoine óga.

## Colún 3: Cosaint

Cuimsítear leis an gColún seo ráthaíocht maidir le cearta ban don **chosaint** ó fhoréigean agus idirdhealú ag gach céim den choinbhleacht, agus **faoiseamh agus téarnamh** ina gcuimsítear soláthar seirbhísí chun cuidiú leo teacht chucu féin ó choinbhleacht.

### Cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint

Is iad cearta daonna na mban bun agus barr an Chláir Oibre MSS. Is rud bunúsach é cosaint chearta an duine agus comhionannas inscne a bhaint amach d'fhonn na daoine sin is faide ar gcúl a shroicheadh agus d'fhonn sochaithe síochánta a chruthú agus a choimeád. Oibreoimid go gníomhach chun caighdeáin idirnáisiúnta a neartú le dhul i ngleic le neamhionannas inscne agus chun cearta an duine a chosaint. Leanfaidh Éire go háirithe lena ról ceannródaíoch ag tacú le daoine a chosnaíonn cearta an duine agus spás na sochaí sibhialta, agus aithneofar ag an am céanna na leochaileachtaí ar leith a bheidh le sárú ag mná a bhíonn ag cosaint chearta an duine.[13]

Is rud lárnach don chosaint an chuntasacht, lena n-áirítear cosc ó fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht. Leanfaimid ag obair ar son cuntasachta níos mó maidir le

**Torthaí Straitéiseacha:**

3.1 Cinntítear cosaint do mhná agus do chailíní i gcomhthéacsanna leochaileacha agus i gcomthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus go ndéantar gach sárú ar chearta daonna na mban, lena n-áirítear Teacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach agus Foréigean ar Bhonn Inscne a chosc agus a chomhrac.

3.2 Déantar comhordú éifeachtach ar shásraí agus ar sheirbhísí institiúideacha agus neartaítear iad chun cosaint, faoiseamh, téarnamh agus athshlánú ban in Éirinn a mbíonn tionchar ag coinbhleacht orthu a chinntiú..

sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a tharlaíonn in áiteanna ina mbíonn coinbhleacht agus infheisteoimid sa chuntasacht sin, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

## Cosc agus Cosaint ó Fhoréigean ar Bhonn Inscne

I gcoinbhleacht, fulaingíonn mná agus cailíní raon leathan cineálacha FBI, lena n-áirítear foréigean mar armlón cogaidh. Fulaingíonn mná agus cailíní cineálacha eile foréigin cosúil le foréigean ó lámha páirtí dlúthphearsanta, ciorrú ball giniúna ban, gáinneáil dhaonna agus pósadh go hóg agus pósadh éigeantais.

I gcur chuige na hÉireann maidir le mná agus cailíní a chosaint ó FBI agus ó TMÚG agus iad a chosc, aithnítear an ról bunúsach atá ag neamhionannais inscne bhunúsacha a ghríosaíonn FBI agus a bhíonn níos measa dá bharr. Tá sé tábhachtach freisin go n-aithneofaí an ról atá ag noirm inscne dhiúltacha nó dhíobhálacha agus ag neamhionannas inscne ó thaobh cineálacha eile foréigin agus coinbhleachta a spreagadh, lena n-áirítear FBI, agus an tionchar a bhíonn ag na cineálacha seo foréigin ar FBI.

Cuirfidh Éire dlús lenár n-infheistíocht i gcosc agus i bhfreagairt don FBI a thacaíonn le hathrú claochlaitheach ar leibhéal aonair agus pobail chun deireadh a chur le FBI agus chun freagra cuimsitheach atá dírithe ar an té a thagann slán a chinntiú. Tá Éire meáite ar ár n-infheistíochtaí i gcomhionannas inscne a mhéadú i stáit ina bhfuil coinbhleacht agus i stáit leochaileacha, ag aithint na n-idirnasc idir neamhionannais inscne, coinbhleacht foréigneach agus FBI.

Leanfaidh Éire ag tacú le cumas lucht cothaithe na síochána, comhpháirtithe agus na sochaí sibhialta i dtíortha agus i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht i ndiaidh na coinbhleachta agus oibreoimid chun deireadh a chur le gach cineál FBI thar gach fóram rannpháirtíochta.

## Cosaint ó Theacht i dTír Gnéasach agus ó Mhí-Úsáid Ghnéasach

Leanfaidh Éire ag obair freisin chun a chinntiú go ndéanfar TMÚG a dhéanann gníomhairí chothú na síochána, agus gníomhairí daonnúla agus forbartha, a chosc agus go mbeidh cuntasacht ina leith. Mar bhall den Chiorcal Ceannaireachta maidir le Teacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach a Chosc de chuid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus mar shínitheoir ar an gComhshocrú Deonach chun deireadh a chur le Teacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach, láimhseáil Éire beartas um neamhfhulaingt ghlan na Náisiún Aontaithe maidir le TMÚG agus leanfaidh sí ag tarraingt airde ar an gcás agus ag obair i dtreo is go gcuirfear deireadh le mí-úsáidí den sórt sin.

## Síochánaíocht agus Cothú na Síochána a Fhreagraíonn do Chúrsaí Inscne a Chinntiú

Mar Bhallstát de chuid na Náisiún Aontaithe le breis is trí scór bliain de thaithí leanúnach na síochánaíochta, is maith is eol d'Éire an tábhacht atá le peirspictíochtaí inscne agus cumhachtú na mban a chomhtháthú ar mhaithe leis an tsíocháin a choimeád. Áirítear i bPlean Gníomhaíochta MSS de chuid na Roinne Cosanta agus de chuid Óglaigh na hÉireann, oiliúint chuimsitheach ar lucht coimeádta na síochána maidir le tionchar inscneacha na coinbhleachta, rannpháirtíocht ban i bhfiannas síochánaíochta, ag cinntiú go mbeidh Comhairleoirí Inscne atá oilte fostaithe ar fhiannas síochánaíochta agus go mbeifear ag obair le struchtúr Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe chun an chaoi a bhfreagraíonn sé do chúrsaí inscne a neartú.

## Gáinneáil ar Dhaoine

Is trí chur chuige uilíoch a ghlacadh an bealach is fearr a ngabhfar i ngleic le gáinneáil ar dhaoine agus cuirtear béim inár gcreat reachtúil agus beartais ar an gcur chuige bunaithe ar chearta an duine agus atá dírithe ar an íospartach. Leanfaidh Éire ag obair lenár gcomhpháirtithe intíre agus idirnáisiúnta chun íospartaigh gháinneála ar dhaoine a chosaint, na gáinneálaithe a ionchúiseamh, agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Áireofar leis sin maoiniú leanúnach, trínár gclár forbartha, d'fhonn leochaileacht do gháinneáil ar dhaoine i dtíortha tionscnaimh a laghdú agus cosaint chearta an duine a chur chun cinn.

## Faoiseamh agus Téarnamh

Áirítear le faoiseamh agus téarnamh do mhná a d'fhulaing díobhálacha a bhain le coinbhleacht tiomantas chun rochtain ar sheirbhísí leighis, dlí, síceasóisialta agus slí mhaireachtála a sholáthar nó a éascú, gan idirdhealú. Trínár gcomhoibriú forbartha agus daonnúil, leanfaidh Éire ag tacú le soláthar seirbhísí freagartha a thugann daoine

slán lena n-áirítear tacaíocht shíceasóisialta agus seirbhísí bainistíochta cásanna atá dírithe ar an té a thagann slán (marthanóir). Áirítear leis sin tiomantas na hÉireann do bhealaí tarchurtha agus seirbhísí do mharthanóirí an fhoréigin ar bhonn inscne a fheabhsú mar aon le rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha sláinte gnéis agus atáirgthe agus cearta do mhná agus do chailíní in éigeandálaí a fheabhsú. Tá Éire tiomanta go háirithe dá hinfheistíocht don oideachas in éigeandálaí a mhéadú, agus díreofar go háirithe ar chailíní.

Aithnímid go bhfuil mná a tháinig as comhthéacsanna ina raibh coinbhleacht ina gcónaí in Éirinn anois agus go dteastaíonn seirbhísí éagsúla uathu a chuideoidh leis an bpróiseas téarnaimh. Cuirfidh Éire na riachtanais shonracha a bheidh ag íospartaigh a fhulaingíonn TMÚG san áireamh, daoine a fhulaingíonn tráma agus céasadh, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban arna aithint agus arna mholadh ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe[14] (UNHCR). Áirítear leis sin rochtain ar sheirbhísí leighis, comhairleoireacht i dtráma agus rochtain ar chláir imeasctha. Tá Éire tiomanta d'aon tráma in athuair a d'fhéadfadh tarlú do mhná ó chomhthéacs ina bhfuil coinbhleacht a chosc. Aithnímid go dteastóidh cur chuige Rialtais uile má táimid chun na seirbhísí sin a sholáthar agus táimid meáite ar ár gcomhordú agus ár gcomhsheasmhacht a mhéadú chun tacú le faoiseamh, téarnamh agus athshlánú ban ar chuir coinbhleacht isteach orthu ar oileán na hÉireann.

# Colún 4: Cur Chun Cinn

Mar stát beag oileánda, aithnímid go bhfuil ár nglór ar cheann de na sócmhainní is mó dá bhfuil againn agus gabhann freagrachtaí leis sin sa bhaile agus thar lear. Áireofar iad seo a leanas ar chur chun cinn Chlár Oibre MSS:

### Abhcóideacht

Ag teacht leis na tiomantais in *An tOileán Domhanda* ina bhfuil sé beartaithe againn ár lorg domhanda a dhúbailt (tionchar taidhleoireachta), neartóimid ár n-iarrachtaí dul i mbun abhcóideachta chun Clár MSS a bhaint amach inár réigiún agus go hidirnáisiúnta.

Leis sin ní hamháin go n-ardóimid ár nglór féin chun tacú leis an gClár Oibre MSS ach oibreoimid freisin chun glór na mban atá ag cothú na síochána ar fud na hÉireann agus thar

> **Toradh Straitéiseach:**
>
> 4.1 Feabhsaítear tiomantais agus gníomhartha na hÉireann ar Chlár Oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála, lena n-áirítear comhroinnt ceachtanna, agus cuirtear in iúl iad trí abhcóideacht, cumarsáid agus rannpháirtíocht ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

timpeall an domhain a ardú. Trí chomhpháirtíochtaí san Aontas Eorpach, sna Náisiúin Aontaithe agus san Aontas Afracach, mar aon lenár gcomhpháirtíocht leis na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta tiomáinfimid gníomh i gcomhar chun na tiomantais faoi Chlár Oibre MSS a bhaint amach.

### Roinnt ceachtanna

Cruthaíodh síocháin agus rathúnas ar ár n-oileán trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht agus múnlaíonn sé an chaoi a mbímid ag gabháil don saol inniu. Mar gheall air sin táimid tiomanta do leanúint ag roinnt ár gceachtanna agus ár dtaithí féin agus a bheith ag foghlaim ó dhaoine eile laistigh den Chlár Oibre MSS in iarracht coinbhleacht a chosc agus nó rannchuidiú le síocháin bhuan ar fud an domhain.

### Cumarsáid

Sa bhaile, beidh iarracht níos mó i gceist leis an gcur chun cinn ar mhaithe le feasacht a ardú faoin gClár MSS ar fud an rialtais agus dul i gcion ar mhná a raibh tionchar ag coinbhleacht orthu agus á gcur ar an eolas maidir leis na seirbhísí atá ar fáil. Cuirfear tacaíocht ar fáil le haghaidh for-rochtain shonrach agus cumarsáide i gcomhair gníomhaíochtaí MSS faoin bplean seo.

### Aird a tharraingt ar chomhthéacsanna fócais chun ár gcuid oibre a léiriú

Thar obair chosanta, thaidhleoireachta, dhaonnúil agus fhorbartha na hÉireann tá roinnt mhaith samplaí den chaoi a chuireann Éire an Clár Oibre MSS chun feidhme agus chun cinn. Fad is a mhairfidh an tríú PGN, tá Éire meáite ar ár n-obair MSS a neartú ar fud ár líonra Misin agus ár dtionchar a léiriú ag úsáid samplaí sonracha. Sa chéad rannán eile leagtar amach roinnt de na samplaí sin atá faoi stiúir ár n-ambasáidí, ár rúnaíochtaí agus ár n-oifigí ionadaíocha. Roghnaíodh na samplaí sin toisc go bhfuil siad dírithe ar MSS i láthair na huaire.

# Réigiúin

## An tAontas Eorpach

### Buanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, an Bhruiséil

Mar Bhallstát den Aontas Eorpach, oibríonn Éire lena chinntiú go ndéantar an Clár MSS a chomhtháthú san obair a dhéanann an tAontas Eorpach (AE) ar fud na cruinne. Is tosaíocht é MSS agus comhionannas inscne a chur chun cinn inár gcuid teagmhála san Aontas Eorpach agus ina chuid Institiúidí. Tá Éire mar bhall gníomhach de Thascfhórsa Neamhfhoirmiúil AE maidir le MSS agus oibríonn sí i gcomhpháirtíocht le Ballstáit eile lena chinntiú go gcuirfear Cur Chuige Straitéiseach AE chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach. Cuireann an Cur Chuige Straitéiseach AE an Clár Oibre MSS i gcroílár speictream iomlán an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála san Aontas Eorpach, mar uirlis riachtanach chun a chinntiú go mbeidh aird ar chearta, ar ghníomhaíochtaí agus ar chosaint ban agus cailíní agus go seastar leo ag gach tráth, agus chun a dheimhniú go mbaineann gach bean, is cuma cén aois iad, ról fónta agus cothrom amach i gcúrsaí cinnteoireachta. Tacaímid go gcuimseofaí an MSS agus peirspictíochtaí comhionannais inscne inár gcuid idirghabhálacha go léir laistigh den chinnteoireacht san AE, i leithroinntí buiséid, i gclársceidealú, agus i dtuairisciú a bhaineann le cosc na coinbhleachta agus le cothú na síochána, an Comhbheartas Slándála agus Cosanta a (CBSC), agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil freisin.

### Tuaisceart Éireann

Aithnítear go forleathan go raibh rannpháirtíocht na mban i bPróiseas Síochána Thuaisceart Éireann ina gné riachtanach chun Comhaontú Aoine an Chéasta a bhaint amach agus i gcéimeanna den Phróiseas Síochána ina dhiaidh sin. Bhí mná as gach pobal agus cúlra ar gach leibhéal den tsochaí i dTuaisceart Éireann mar ghníomhairí don athrú agus mar choimeádaithe na síochána ina ngnáthshaol ó lá go lá agus tá siad amhlaidh fós go deimhin. Beidh Rúnaíocht na hÉireann i mBéal Feirste riachtanach chun rannchuidiú le for-rochtain an Chláir MSS in Éirinn agus chun é a chur chun cinn. Beidh an comhionannas inscne mar thosaíocht i gcónaí ag an Rúnaíocht ina cuid oibre i gcoitinne agus eagróidh sí imeachtaí sonracha MSS ar bhonn rialta. Beidh cuimsiú stuama agus rannpháirtíocht ban as gach pobal agus cúlra agus an tábhacht atá le taithí ó ghlúin go glúin a roinnt mar phrionsabal riachtanach san fhor-rochtain sin go léir. Beidh an Ciste Athmhuintearais fós mar uirlis thábhachtach i maoiniú grúpaí na sochaí sibhialta a dtacaíonn a gcuid oibre le comhionannas inscne agus an Clár Oibre MSS a chur chun cinn.

## An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh

### Iosrael/An Phalaistín

Faigheann an obair a dhéanann Éire ar choinbhleacht an Mheánoirthir (nó Próiseas Síochána an Mheánoirthir, MEPP) spreagadh ón tábhacht mhór a thugann muintir na hÉireann agus an pobal idirnáisiúnta don tsaincheist ar bhonn polaitiúil. Is tosaíocht í an inscne do chuid mhaith de na heagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Éirinn sa réigiún agus feabhsófar an fócas MSS seo agus tuigfear ar bhealach níos fearr é ar feadh shaolré an PGN seo. I measc na ngníomhartha daonnúla, cothú síochána agus forbartha tá siad seo a leanas:

- *tacaíocht dhíreach dóibh siúd is mó óna dteastaíonn sí trí UNRWA do dhídeanaithe ón bPalaistín agus d'Údarás na Palaistíne;*
- *tacaíocht don tsochaí shibhialta in Iosrael agus sa Phalaistín chun na héagóracha a tharla de bharr an áitithe a chomhrac;*
- *tacaíocht d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun rannpháirtíocht ban i gcothú na síochána, i bpolaitíocht, agus i gcosaint i gcoinne an FBI a chur chun cinn. Thug Éire tacaíocht do dhara PGN na Palaistíne trí mhaoiniú a cuireadh ar fáil do Thionscnamh na Palaistíne chun Comhphlé agus Daonlathas Domhanda a Chur Chun Cinn (MIFTAH);*
- *Níl PGN ag Iosrael i láthair na huaire. D'oibrigh Éire go gníomhach le roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha in Iosrael agus le cácas Knesset a bunaíodh le déanaí, ar chlár oibre MSS.*



*Rún Luasghéarú Réigiúnach 1325 Ceardlann, Meitheamh 2018, na rannpháirtithe leis an hArd-Rúnaí Niall Burgess (lár)*

## An Afraic Thiar

### An Libéir

Rinne an Libéir dul chun cinn chun an daonlathas, an tsíochain agus an tslándáil a chomhdhlúthú ó dheireadh an dara cogadh cathartha in 2003 agus rinneadh an tarraingt anuas deiridh ar Mhisean na Náisiún Aontaithe sa Libéir (UNMIL) sa bhliain 2018. Mar sin féin, tá gnéithe de na struchtúir pholaitiúla atá fós leochaileach agus ní mór dul i ngleic le go leor de bhunchúiseanna na coinbhleachta. Tá na dúshláin a chuireann isteach ar mhná agus ar chailíní bochta fite fuaite ina chéile agus casta go leor. Tá FBI forleathan agus tá Éire in ann cuidiú ar bhealach sainiúil sna naisc idir seirbhísí agus an fhreagairt ar FBI agus seirbhísí sláinte príomhúla. Tá sé sin amhlaidh mar gheall go ndírímid ar an tsláinte agus mar gheall ar ár dtacaíocht shonrach d'Ionaid Ilfhreastail[15] in Monrovia. Cruthóidh an obair a dhéanaimid maidir le rochtain ar fhaisnéis do mhná agus rochtain ar cheartas trínár gcuid oibre ar riail an dlí deiseanna chun seirbhísí agus freagairtí do mharthanóirí a fheabhsú. Leanfaidh Éire ag obair freisin le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus náisiúnta chun cuir chuige pobalbhunaithe a thaighde agus a thosú ar bhonn trialach chun FBI a chosc agus áiríonn siad fir agus buachaillí mar phríomhghníomhairí don athrú. Oibreoidh Éire freisin chun an ról atá ag mná agus ag cailíní mar chinnteoirí ar gach leibhéal a mhéadú. I ndiaidh thionscnamh trasfhoghlama 2011, beidh comhoibriú idir Éirinn agus an tsochaí shibhialta agus an Aireacht Inscne, Leanaí agus Coimirce Sóisialaí chun forbairt leanúnach dhara PGN na Libéire a chur chun cinn.

### Siarra Leon

Is é sprioc uileghabhálach na hÉireann ná go mbeadh mná agus cailíní in ann a gcion a dhéanamh le haghaidh sochaí níos seasmhaí agus níos cothroime agus go mbainfidís tairbhe as sochaí den sórt sin. Aithnítear leis sin an chaoi a dtrasnaíonn an Clár Oibre MSS a chéile, go háirithe an tábhacht atá le cumhachtú, agus tionchair inscneacha na nasc idir neamhshláine bia agus coinbhleacht. Áirítear ar na tosaíochtaí

- stádas cothaithe feabhsaithe do leanaí faoi cúig bliana agus do mhná atá ag iompar clainne agus do mhná atá ag beathú;
- oideachas agus cumhachtú cailíní óga, go háirithe iad sin a thagann ó chúlraí leis an ioncam is ísle, chun go mbeidh siad in ann cinntí stuama a dhéanamh;
- cumhachtú na mban chun oibriú le hinstitiúidí agus le próisis dhaonlathacha cuimsithe, cuntasacha agus freagrúla.

Tá an glacadh atá le foréigean in aghaidh ban agus cailíní, agus fairsinge an fhoréigin sin, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, ard. Cuirtear rioscaí foréigin, caidreamh collaí faoi iallach, pósadh go hóg agus breith leanaí go hóg os comhair cailíní óga. Cruthaíonn an líon ard toirchis i measc déagóirí rioscaí tromchúiseacha sláinte do chailíní, fágtar amach as an gcóras oideachais iad, agus sáinnítear teaghlaigh i mbochtaineacht ó ghlúin go glúin. Tugann Éire tús áite do chearta cailíní sna déaga trí abhcóideacht agus a bheith ag gabháil do bheartais. Ag teacht le tosaíocht rialtas Siarra Leon chun oideachas ar ardchaighdeán, saor in aisce a chur ar fáil do gach leanbh, leanfaidh Éire ag tabhairt tacaíochta do chailíní ina n-iarrachtaí a gcumas a thuiscint agus a bheith páirteach go stuama i ngach leibhéal cinnteoireachta.

## An Afraic fho-Shahárach

### An Afraic Theas / An tSiombáib agus go Réigiúnach

Tá bunreacht na hAfraice Theas ar an gceann is forchéimní ar domhan, ag cumhdach raon leathan cearta daonna. Ach tá dúshláin ann fós maidir lena chur chun feidhme, go háirithe maidir le neamhionannas inscne. Léiríonn FBI agus an dóchúlacht níos mó go bhfaighidh mná VEID leochaileacht shóisialta agus eacnamaíoch na mban. Ag glacadh le chomh fairsing agus chomh díblithe le FBI, tá

roinnt comhpháirtithe agus clár straitéiseacha curtha ar bun ag Éire san Afraic Theas, sa tSiombáib agus ar bhonn réigiúnach. Beidh tionchar aige sin ar ghníomhairí stáit agus neamhstáit chun seirbhísí FBI a sholáthar a bheidh comhordaithe níos fearr, níos cuimsithí agus níos inrochtana ag cinntiú tacaíochta do mharthanóirí agus a fhágfaidh go ngabhfar níos géire i gcoinne an FBI. Is tosaíocht lárnach é ionchuimsiú méadaithe a chur chun cinn maidir le cuir chuige forbartha níos fadtéarmaí atá leochaileach don choinbhleacht ar mhaithe le torthaí sláinte a bhaint amach i ngéarchéim fhadaithe. Ar fud na dtíortha go léir a bhfuil creidiúnú acu, oibríonn Éire le Coistí Stiúrtha AE maidir le hInscne agus tacaíonn sí le cur chun cinn na PGNanna, go háirithe trí Phobal Forbartha na hAfraice Theas (SADC). Níl PGN ag an Afraic Theas ach táthar á fhorbairt ó 2015 i leith agus tacóidh Éire le hiarrachtaí chun an próiseas sin a bhrú ar aghaidh.

## Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha

### Na Náisiúin Aontaithe

Is tosaíocht dár gcuid oibre iltaobhaí é MSS a chur chun cinn, go háirithe trínár mBuan-Mhisin chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrac agus sa Ghinéiv, agus i gcomhthéacs iarrthóireacht na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le haghaidh téarma 2021–2022, agus ballraíocht ionchais ar an gComhairle sin. Is deiseanna lárnacha iad an tSeachtain Ardleibhéil ag Chomhtionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus díospóireacht bhliantúil MSS sa Chomhairle Slándála chun an Clár Oibre MSS a chur chun cinn, cé go bhfuil comhionannas inscne príomhshruthaithe san obair iltaobhach ar fad a dhéanaimid. Tá Éire mar bhall de Líonra Pointí Fócais MSS agus roinnt líonraí, a cheanglaíonn isteach i dtéamaí MSS freisin, lena n-áirítear líonraí a thacaíonn le hidirghabháil, TMÚG a chosc agus le próisis shíochána. Oibríonn Éire i gcomhpháirt le Ballstáit eile, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le haonáin eile de chuid na Náisiún Aontaithe atá lonnaithe i Nua Eabhrac agus sa Ghinéiv agus le Mná na Náisiún Aontaithe chun an clár oibre sin a chur chun cinn agus chun a chinntiú go mbeidh mná as an ngnáthphobal atá ag cothú na síochána, is cuma cén aois iad, áirithe sna fóraim sin.

### An tAontas Afracach agus an tÚdarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt

Tá an obair a dhéanann Éire leis an Aontas Afracach agus leis an Údarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt á stiúradh ag ár nAmbasáid in Addis Ababa. Tá fréamhacha láidre ag Clár Oibre MSS san Afraic agus bhí ról tábhachtach ag cúpla Ballstát san Afraic maidir leis an nglacadh ar réitigh ábhartha a bhrú chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe, go deimhin bhí an Namaib mar uachtarán ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuair a ghlac sé le Rún 1325 na Comhairle Slándála, agus rinne an Afraic Theas comhurraíocht ar an rún leantach UNSCR 1820. Aithnítear i gClár Oibre an Aontais Afracaigh 2063, na naisc chriticiúla agus dinimiciúla idir inscne, forbairt, agus síochán agus slándáil agus áirítear leis fócas láidir ar chearta ban agus cailíní, agus an tábhacht atá le comhionannas inscne a bhaint amach. Tá ionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Afracach tiomanta tacú le struchtúr síochána agus slándála an Aontais Afracaigh agus dírítear go háirithe ar idirghabháil agus ar thacú leis an Oifig um Thoscaire Speisialta do Mhná, don tSíochán agus don tSlándáil. Áireofar leis sin tacaíocht a mhéadú do líonraí ban; roinnt ceachtanna ó idirghabhálaithe ban i dTuaisceart Éireann agus tacaíocht do Bhallstáit na hAfraice agus Pobail Eacnamaíocha Réigiúnacha chun na tiomantais sa PGN a chur chun feidhme go héifeachtach. Leanfaidh Éire ag tacú freisin le hiarrachtaí chun síocháin agus forbairt a thabhairt go Deisceart na Súdáine trí oibriú le IGAD. Áireofar leis sin, ar bhonn tosaíochta, iarrachtaí chun rannpháirtíocht stuama na mban i gcomhphlé leanúnach ar shíocháin agus ar shlándáil a neartú.

# Monatóireacht agus Measúnú

Déanfar monatóireacht agus measúnú ar an PGN seo ar na bealaí seo a leanas.

## An Grúpa Maoirseachta

Ceapfaidh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Grúpa Maoirseachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú rialta córasach ar dhul chun cinn maidir leis na torthaí, na gníomhaíochtaí, na spriocanna agus an tionchar a bhaint amach thar gach colún. Beidh cathaoirleach neamhspleách ar an nGrúpa Maoirseachta agus cuimseofar ina bhallraíocht ionadaíocht 50% ó na ranna rialtais agus na gníomhaireachtaí stáit ábhartha agus ionadaíocht 50% ón tsochaí shibhialta, ón réimse acadúil agus ó neamhspleáigh. Beidh taithí agus saineolas ábhartha ag na comhaltaí go léir. Tabharfaidh ionadaithe rialtais tuairisc rialta don Ghrúpa Maoirseachta maidir lena ndul chun cinn i dtaca leis na torthaí in Iarscríbhinn I den PGN a bhaint amach agus tabharfaidh baill na sochaí sibhialta an scéal is déanaí don Ghrúpa Maoirseachta maidir lena gcuid oibre ábhartha. Tabharfar cuntas ar dhul chun cinn i dtuarascáil bhliantúil a chuirfear faoi bhráid an Choiste Oireachtais iomchuí.

## Athbhreithniú Lár Téarma agus Measúnú Deiridh

Déanfaidh sainchomhairleoirí neamhspleácha Athbhreithniú Lár Téarma ar an tríú PGN in 2021. Bainfear leas as torthaí an Athbhreithnithe Lár Téarma chun an PGN a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh dhá bhliain dheiridh a chur chun feidhme. Déanfar Measúnú Deiridh, ina ndéanfar anailís ar an dul chun cinn a rinneadh ar feadh an chéad, dara agus tríú PGN ag deireadh théarma an tríú Plean Gníomhaíochta.

## Ailíniú leis an gCoinbhinsiún maidir le gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú

Déanfar comhtháthú ar an PGN le hoibleagáidí tuairiscithe tréimhsiúla ar pháirtí stáit faoi CEDAW agus an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann trí chomhordú an Ghrúpa Maoirseachta. Spreagfar baill den tsochaí shibhialta sa ghrúpa scáth-thuairisc a thabhairt ar oibleagáidí CEDAW na hÉireann faoi Mholadh 30.




*Labhraíonn Nora Owen, Cathaoirleach Ghrúpa Maoirseachta NAP 2, ag Ceardlann Comhairliúcháin Phoiblí ar an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Mhná, an tSíocháin agus an tSlándáil i dTeach Iveagh.* Grianghraf: Phil Behan

## Creat Monatóireachta

Beidh an Creat Monatóireachta (féach Iarscríbhinn 1) ar an uirlis threoraithe trína dtomhaisfear dul chun cinn fad is a mhairfidh an plean seo. Ach an oiread le gach samhail mhonatóireachta éifeachtach, ní mór do na táscairí a bheith sonrach, intomhaiste agus ní mór dóibh díriú ar fhaisnéis atá lán de bhrí agus ábhartha don tsaincheist atá á plé. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go leagtar síos bonnlínte d'fhonn dul chun cinn a rianú. Bíonn idir tháscairí cainníochtúla (bunaithe ar uimhreacha) agus cháilíochtúla (bunaithe ar chatagóirí) i gceist agus tomhaiseann siad dul chun cinn i gcoinne aschuir (gníomhaíochtaí) agus torthaí (tionchar na ngníomhaíochtaí sin) agus conas a bhainfear é sin amach. Cuirtear Beartais Náisiúnta ábhartha san áireamh i ngach gníomh agus táscaire agus déantar na gníomhaíochtaí agus na táscairí ó Bheartais Náisiúnta cosúil le Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, an Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, an dara Straitéis Naisiúnta don tSláinte Idirchultúrtha agus buiséadú inscne a ailíniú leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[16]

## Rioscaí agus Toimhdí

D'fhonn torthaí straitéiseacha an phlean seo a bhaint amach, ní mór roinnt tosca rathúlachta criticiúla a bheith i bhfeidhm. Comhfhreagraíonn rioscaí d'imeacht a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, go hiomlán nó go páirteach nach mbeadh aon smacht ag Éire air agus a bhféadfadh tionchar (diúltach) a bheith aige ar bhaint amach torthaí an phlean seo.

I measc na dtosca sin tá siad seo a leanas:

- Tacaíocht pholaitiúil agus fheidhmiúcháin leanúnach fad is a bheidh an plean á chur chun feidhme;
- Is tír bheag í Éire a bhfuil acmhainní beaga aici agus teastóidh buiséad buan a rachaidh i méid ón PGN fad is a mhairfidh an plean;
- Cláir a bheith á n-ailíniú go leordhóthanach le critéir incháilitheachta shásraí Maoinithe Rialtas na hÉireann;
- D'fhéadfadh bunú na mbonnlínte agus rianú an mhaoinithe a bheith faoi réir aon teorainneacha arna ngearradh ag leibhéal feidhmiúlachta an chórais;
- Páirtithe leasmhara agus gníomhairí rialtais a bheith ag aimsiú ábharthacht leanúnach sa PGN ina gcuid oibre agus tagairt/úsáid as cuimhne institiúideach phróiseas an PGN;
- Acmhainn agus cumas na foirne an PGN a mhaoirsiú agus a chur chun feidhme agus leanúnachas sa líon foirne i dtaca le Rúnaíocht an Ghrúpa Maoirseachta;
- Toilteanas na bpáirtithe leasmhara cuí sa réimse MSS a bheith rannpháirteach;
- Eolas leanúnach ar na saincheisteanna a dtéann MSS i ngleic leo thar chomhlachtaí forfheidhmithe amháin;
- Rannpháirtíocht leanúnach chomhchoiteann Bhallstáit agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe ar MSS a choinneáil as seo go ceann cúig bliana.

Cuireadh na toimhdí seo san áireamh nuair a bhí na gníomhartha agus na táscairí sa PGN á gcruthú, ionas nach mbeidh aon bhaol ann nach mbeifear in ann cuspóirí an phlean a bhaint amach. Leanfar dá n-athbhreithniú agus dá gcur san áireamh fad is a mhairfidh an PGN, go háirithe i rith an tuairiscithe bhliantúil agus i rith an Athbhreithnithe Lár Téarma agus an Mheasúnaithe Deiridh.



*"Tóg an Suíochán Te" Idirphlé idirghlúine*

*Grianghraf: Mná NA/Ryan Brown*

# Iarscríbhinn

# Iarscríbhinn I: Creat Monatóireachta don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil 2019-2024 in Éirinn.

## COLÚN I: COSC

**TORADH STRAITÉISEACH 1.1: Tugtar tús áite do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban in obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann ar fad, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht chun beartais Domhain Níos Fearr agus An tOileán Domhanda a sheachadadh.**

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta /Cloch mhíle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Ceannaire na Roinne |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **GNÍOMHAÍ: AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA** | | | | | | | | |
| 1.1.1 Tá cur chuige RGET i leith coimhlinte íogair ó thaobh inscne de agus cuirtear gach tuiscint ar inscne san áireamh. | Cuirtear anailís inscne chun feidhme i ngach socrú a bhaineann le comhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht, lena n-áirítear tuairisciú a dhéanamh ar shonraí imdhealaithe inscne agus gnéis agus tuairisciú a dhéanamh nuair is féidir. | #L na dtuairiscí ina bhfuil sonraí imdhealaithe gnéis agus inscne.<br>Leibhéal foriomlán chur chun feidhme beartais 2019-2023 (íseal, meánach, ard). | | | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA;<br><br>An Rannán Polaitiúil |
| | Cuirtear MSS san áireamh mar phríomhthéama rannpháirtíochta i gcásanna coinbhleachta agus leochaileachta, lena n-áirítear i gcláir forbartha agus dhaonnúla agus i straitéisí déthaobhacha tíre lena n-áirítear misin fhócais. | #L na misean agus na straitéisí réigiúnacha a thagraíonn do thosaíochtaí beartais a bhaineann le MSS.<br>#L na dtionscadal agus na gclár príomha MSS agus líon na dtionscadal agus na gclár suntasach MSS a dtacaítear leo ar fud an domhain agus ar leibhéal na tíre. | | | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA;<br><br>An Rannán Polaitiúil |
| | Tuarascálacha bliantúla ó chomhthéacsanna fócais ar obair a bhaineann le MSS, lena n-áirítear comhairliúcháin áitiúla, abhcóideacht agus/nó maoiniú. Tá maoiniú agus gníomhartha chláir agus mhisin na hÉireann le cur sna tuarascálacha go léir a fhoilsítear lena n-áirítear sonraí imdhealaithe gnéis agus aoise, nuair is féidir. | Leibhéal comhlíonta (íseal, meánach, ard). | | | ✓ | ✓ | ✓ | Beartas RCFA;<br><br>Polaitiúil; IUKA |
| 1.1.2 Maoiniú agus tuairisciú ar MSS a mhéadú agus a dhéanamh níos éifeachtaí ar fud obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann agus maoiniú agus tuairisciú ar chomhionannas inscne in áiteanna ina bhfuil coinbhleacht a mhéadú agus a dhéanamh níos éifeachtaí freisin. | Bunlínte agus maoiniú prionsabail/ suntasach a bhunú i ndáil[1] le MSS ar fud obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann.<br><br>Cleachtadh scóipe lena sainaithnítear idirghabhálacha MSS na hÉireann agus leithdháiltí maoinithe atá íogair ó thaobh inscne de. | Bunaíodh bunlíne € agus % agus méadú comhréireach.[2] | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA;<br><br>An Rannán Polaitiúil |

1. I gcomhréir leis an marcóir beartais don chomhionannas inscne ón gCoiste Cúnaimh Forbartha ECFE (DAC), ciallaíonn Príomhchuspóir gurb é an comhionannas inscne i gcoinbhleacht/ mná, an tsíocháin agus an tslándáil an príomhchuspóir i dtionscadal/clár agus go bhfuil sé mar chuid bhunúsach den dearadh agus de na torthaí lena bhfuiltear ag súil. Ní thabharfaí faoin tionscadal/clár gan an cuspóir seo. Ciallaíonn suntasach gur cuspóir tábhachtach a cuireadh ann d'aon turas é an comhionannas inscne/mná, an tsíocháin agus an tslándáil ach nach é an príomhchúis é leis an tionscadal/clár a dhéanamh.

2. Tríd an doiciméad seo úsáidtear € chun méid an mhaoinithe a léiriú, úsáidtear # chun líon na ngníomhaíochtaí/na gclár a léiriú agus úsáidtear % chun céatadán na ngníomhaíochtaí/na gclár a léiriú.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.1.3 Ár dtuiscint ar thionchar na bochtaineachta, na héagothroime, an athraithe aeráide agus na coimhlinte de réir inscne a dhoimhniú, lena n-áirítear mar ghné riachtanach tosaíocht a thabhairt don duine is faide ar chúl, lena n-áirítear mná agus cailíní. | Forbraíodh an Straitéis um Chomhionannas Inscne agus cinntíonn sí go ndéantar comhionannas inscne a chomhtháthú i gach gné d'obair forbartha agus dhaonnúil na hÉireann, lena n-áirítear tosaíochtaí eile beartais, gníomhú ar son na haeráide, riachtanas daonnúil a laghdú agus rialachas a neartú.<br><br>Anailís threisithe ar an mbochtaineacht agus ar an leochaileacht, lena n-áirítear bearta bunlíne agus bearta sonracha chun díriú ar na daoine is faide ar chúl ar dtús.<br><br>Tacaíocht mhéadaithe chun oibriú ar chomhionannas inscne agus ar ghníomhú ar son na haeráide. | Leibhéal forfheidhmithe na ngealltanas comhionannais inscne in Domhain Níos Fearr (íseal, meánach, ard).<br><br>Bunaíodh bunlínte agus spriocanna.<br><br>Fianaise ar ghníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar na tionchair éagsúla a bhíonn ag an athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil ar MSS. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA;<br><br>An Rannán Polaitiúil |
| 1.1.4 Tosaíocht a thabhairt d'oideachas do chailíní agus ár maoiniú don oideachas a mhéadú, go háirithe do chailíní i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht. | Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) na hÉireann a leithdháileadh ar an oideachas i gcásanna éigeandála agus géarchéimeanna fada. | % de COF na hÉireann a leithdháileadh ar oideachas i gcásanna éigeandála agus géarchéimeanna fada.<br><br>Sprioc de € 250 milliún don tréimhse 2019-2023 agus an dá bhliain sin san áireamh. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |

**TORADH STRAITÉISEACH 1.2: Déantar anailís inscne a chomhtháthú san obair a dhéanann Éire lena n-áirítear i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus ar shaincheisteanna síochána agus slándála, lena n-áirítear i dtaca leis an gcoinbhleacht a chosc, an tsíocháin a chothú agus beartas slándála agus dí-armáil.**

## Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.2.1 Cur chuige iomlán roinne a chinntiú maidir le coimhlint atá íogair ó thaobh inscne de. | Acmhainn agus oiliúint a threisiú maidir le comhionannas inscne, FBI agus anailís ar choinbhleacht atá íogair ó thaobh inscne. | #L na seisiún oiliúna agus na seisiún forbartha acmhainne a bhain le comhionannas inscne, anailís ar choinbhleacht atá íogair ó thaobh inscne de agus seisiún oiliúna do bhaill foirne RGET agus comhpháirtithe ar fhreagairt a thabhairt ar FBI, lena n-áirítear oiliúint sula gcuirtear duine i gceann poist.<br><br>% agus #L na n-oiliúnaithe a chuir in iúl gur mhéadaigh an tuiscint atá acu ar an gcomhionannas inscne, FBI agus anailís ar choinbhleacht atá íogair ó thaobh inscne. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA;<br>An Rannán Polaitiúil (ARC);<br>(An Rannán Oiliúna) |
| 1.2.2 Abhcóideacht agus tacaíocht d'anailís inscne ar shaincheisteanna síochána agus slándála, lena n-áirítear i dtaca leis an gcoinbhleacht a chosc, an tsíocháin a chosc agus beartas slándála agus dí-armáil. | Tacaítear le hanailís agus tuiscintí inscne a chomhtháthú i gCóras Réamhrabhaidh Coinbhleachta an Aontais Eorpaigh agus i gcoincheapa agus i gcuir chuige reatha agus iad siúd a bheidh ann amach anseo maidir le réamhrabhadh agus anailís coinbhleachta agus táscairí gaolmhara lena mbaineann próisis atá sonrach ó thaobh comhthéacs de, cuimsitheach, agus rannpháirteach. | #L agus % na dtuarascálacha réamhrabhaidh/tubaiste agus foréigin ina gcomhtháthaítear tuiscint inscne. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil (ARC) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tacaíocht a chur ar fáil do chláir lena ndírítear ar thuiscintí inscne agus ar rannpháirtíocht éifeachtach na mban maidir leis an antoisceachas foréigneach (PVE) agus radacú a chosc, agus fócas ar leith ar ról na mban mar ghníomhairí athraithe sa tsochaí.<br><br>Tacaíocht a chur ar fáil do chlár lena ndéantar anailís ar an tionchar díreach a bhíonn ag an antoisceachas foréigneach agus ag an radacú ar mhná agus ar chailíní. | #L na gclár a dtacaítear leo agus #L na mban agus na gcailíní ar fhreastail na cláir seo orthu.<br><br>Méadú ar fheasacht thuairiscithe ar thuiscintí ar antoisceachas foréigneach a chosc (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil<br><br>(ABSI) |
| | Tacú leis an mbearna inscne i bhfostaíocht sa chibearshlándáil a laghdú. | Leibhéal méadaithe comhionannais inscne agus tuiscintí inscne i réimse na cibearshlándála (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil<br><br>(ABSI) |
| 1.2.3 Infheistíocht a mhéadú sa taighde agus i gcláir ar an gcaoi a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar chúrsaí slándála agus inscne. | Baineann Stáit Bheaga Oileáin san Aigéan Ciúin atá i mbéal forbartha úsáid as taighde a coimisiúnaíodh ar an gcaoi a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar chúrsaí slándála agus inscne sna Stáit Bheaga Oileáin san Aigéan Ciúin atá i mbéal forbartha agus as torthaí an taighde sa rannpháirtíocht a dhéanann siad leis an gComhairle Slándála agus sa tathant a dhéanann siad ar Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an aeráide agus an tslándáil. | Leibhéal glactha na dtorthaí coimisiúnaithe (íseal, meánach, ard).<br><br>Méadú % ar mhaoiniú.<br><br>Leibhéal tionchair an taighde ar bheartas (íseal, meánach, ard). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| | Tacaíocht a neartú don chomhionannas inscne agus do rannpháirtíocht na mban sa ghníomhú ar son na haeráide. | Príomhtháscairí sa Phlean Gníomhaíochta Inscne do UNFCCC a bhaint amach. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| 1.2.4 Infheistíocht i gcumhachtú eacnamaíoch na mban agus daingneacht tionachta talún a mhéadú agus tacaíocht a mhéadú dóibh. | Tacaíocht a thabhairt do chumhachtú eacnamaíoch na mban agus aird ar leith ar chórais bhia agus tionacht talún lena n-áirítear i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus íogaire. | #L na gcomhpháirtithe domhanda talmhaíochta agus na gcomhpháirtithe curtha chun feidhme cothaithe ag a bhfuil Pleananna Gníomhaíochta Inscne. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |

**TORADH STRAITÉISEACH 1.3: Téitear i ngleic le héifeachtaí agus le cúiseanna le fearúlachtaí díobhálacha agus norm idirdhealaitheach inscne, lena n-áirítear tacaíocht do rannpháirtíocht fear agus buachaillí mar abhcóidí agus mar pháirtithe leasmhara in MSS.**

## GNÍOMHAÍ: AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.3.1 Ár gcuid oibre a fhorbairt maidir le tuiscint a fháil ar thionchar norm díobhálach sóisialta, lena n-áirítear fearúlachtaí agus noirm idirdhealaitheacha inscne i ndáil le comhionannas inscne. | Forbairt a dhéanamh ar ár gcuid oibre chun tuiscint a fháil agus ceistiú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann na fearúlachtaí díobhálacha seo i bhfeidhm ar an mbeartas dí-armála agus rialaithe arm, iombhagairt núicléach agus fáthanna eile le hairm núicléacha. | #L na n-imeachtaí breise a bhaineann le fearúlachtaí nó lena n-áirítear fearúlachtaí.<br><br>Leibhéal an taighde a coimisiúnaíodh (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil<br><br>(RDN) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Taighde coimisiúnaithe ar éifeachtaí agus cúiseanna le noirm dhíobhálacha shóisialta, lena n-áirítear fearúlachtaí agus noirm idirdhealaitheacha inscne agus tacaíocht do rannpháirtíocht fear agus buachaillí mar abhcóidí agus mar pháirtithe leasmhara in MSS.<br><br>Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn a fhorbairt agus anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí agus na cúiseanna a bhaineann le fearúlachtaí agus le noirm idirdhealaitheacha inscne i gcláir níos leithne. | Leibhéal glactha na dtorthaí coimisiúnaithe (íseal, meánach, ard).<br><br>Leibhéal tionchair an taighde ar bheartas (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| 1.3.2 Tosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na sochaí uile agus do chur chuige bunathraitheach chun FBI a sheachaint lena n-aithnítear ról na mban, na gcailíní, na bhfear agus na mbuachaillí mar aon le ról na gceannairí náisiúnta, pobail agus áitiúla. | Tacaíocht a mhéadú do chláir agus do thionscnaimh atá dírithe ar fhoréigean bunaithe ar inscne a chosc agus freagairt a thabhairt air, trí rannpháirtíocht na sochaí uile agus trí chur chuige bunathraitheach. | #L na gcomhpháirtithe atá ag gabháil do chláir bhunathraitheacha a eagrú chun FBI a chosc agus líon na ndaoine (mná agus fir) a fhaigheann tacaíocht trí na cláir.<br><br>Acmhainn tuairiscithe a mhéadú lena n-áirítear taighde agus oiliúint, d'fhonn anailís ar na héifeachtaí agus ar na cúiseanna a bhaineann le fearúlachtaí agus le noirm idirdhealaitheacha inscne a chomhtháthú inár gcláir. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Leanúint de thacaíocht a thabhairt tríd an gCiste Athmhuintearais, tionscadail a thacaíonn le mná a ndeachaigh an choinbhleacht ar oileán na hÉireann i bhfeidhm orthu. Iarracht a dhéanamh tacú le cláir a oibríonn le mná agus le fir araon maidir le comhionannas inscne agus feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna a bhaineann le FBI. | #N na dtionscadal a maoiníodh tríd an gCiste Athmhuintearais. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |
| **Gníomhaí: Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta** | | | | | | | | |
| 1.3.2 Machnamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag fearúlachtaí ag Óglaigh na hÉireann. | Le linn saolré PGN 3, déanfaidh Óglaigh na hÉireann machnamh ar na héifeachtaí agus na cúiseanna a bhíonn leis an bhfearúlacht foréigneach agus ar iarrachtaí a dhéantar le go mbeidh fir rannpháirteach mar abhcóidí agus tairbhithe den Chlár Oibre MSS. | Saincheisteanna atá le léiriú i bPlean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann amach anseo. | | | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |
| **Gníomhaí: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** | | | | | | | | |
| 1.3.3 Tá comhionannas inscne mar chuid den seisiún treorach a thugtar do thairbhithe Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP). | Tugtar seisiún treorach do thairbhithe Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint ina gcuirtear noirm shochaíoch na hÉireann maidir leis an gcomhionannas inscne in iúl dóibh. | Bíonn fir ar an eolas faoi noirm chultúrtha in Éirinn. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IRPP |

# COLÚN II: RANNPHÁIRTÍOCHT

**TORADH STRAITÉISEACH 2.1: Is rannpháirtithe fónta iad na mná san ionadaíocht a dhéanann Rialtas na hÉireann ar gach fóram síochána agus slándála, lena n-áirítear ar leibhéal sinsearach cinnteoireachta agus ceannaireachta.**

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta/ Clocha míle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Ceannaire an Rialtais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála** | | | | | | | | |
| 2.1.1 Méadú a dhéanamh ar líon na mban a earcaítear, ar líon na mban a choinnítear, forbairt a dhéanamh ar dhul chun cinn agus rannpháirtíocht na mban laistigh de RGET. | An Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Éagsúlacht a chur chun feidhme<br><br>Tuairiscigh ar % na mban a cuireadh faoi agallamh, a earcaíodh, a coinníodh agus a dhéanann ionadaíocht ag gach leibhéal de RGET.<br><br>Méadú a chur ar líon na mbeart dearfach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha ar ionadaíocht agus ar rannpháirtíocht na mban.<br><br>Forbairt inmheánach acmhainne a sholáthar chun ardú céime a thabhairt do mhná chuig róil cheannaireachta laistigh de RGET. | Leibhéal na cothromaíochta inscne in ionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban ag gach leibhéal de RGET a léirítear mar #L agus %. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Roinn ina hiomláine |
| 2.1.2 Rannpháirtíocht na mban i ndíospóireachtaí ar an dí-armáil a mhéadú. | Ról ceannaireachta a choinneáil i líonra na gCosantóirí Idirnáisiúnta Inscne Dí-armála (IGC).<br><br>Leanúint den tuiscint inscne a chur chun cinn i ráitis náisiúnta chuig fóraim dhí-armála NA.<br><br>Gealltanas Cothroime Phainéal na gCosantóirí Idirnáisiúnta Inscne Dí-armála a chur chun feidhme. Gan tacaíocht a thabhairt do phlé painéil ná in imeachtaí breise a bhfuil painéil aonghnéis i gceist leo agus gan rannpháirtíocht a ghlacadh iontu. | #L na gcruinnithe ceannaireachta ar fhreastail mná i RGET orthu.<br><br>Leibhéal ardchaighdeáin tuairiscithe i dtaobh rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta.<br><br>% na bpainéal ar a raibh mná ina gcathaoirligh.<br><br>Leibhéal curtha chun feidhme tuairiscithe de thuiscintí inscne i ráitis náisiúnta (íseal, meánach, ard). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (RDN) |
| | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thoscaireachtaí lena gcuirtear rannpháirtíocht bhríoch chothrom na mban chun cinn sa phlé ar an dí-armáil agus leanúint de spreagadh a thabhairt do na toscaireachtaí sin. | % na mban ag a bhfuil ionadaíocht i ndíospóireachtaí ar an dí-armáil ag gach leibhéal. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (RDN) |
| | Tacú go córasach le teanga agus le gníomhaíocht shofhreagrach inscne i rúin, i meithleacha, i gcláir oiliúna agus a thuilleadh nach iad ar fud phróiseas an Chonartha Trádála Arm. | #L agus cáilíocht na dtuiscintí inscne agus na ngníomhaíochtaí a chuimsíodh le rúin, le meithleacha agus le cláir oiliúna agus a thuilleadh nach iad ar fud phróiseas an Chonartha Trádála Airm (íseal, meánach, ard). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (RDN) |

## Gníomhaí: Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.1.3 Déantar rannpháirtíocht bhríoch chothrom na mban ag leibhéil na cinnteoireachta agus ceannaireachta sinsearaí i gCosaint na hÉireann a chur chun cinn trí mheicníochtaí córasacha agus institiúideacha. | Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Óglaigh na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a dhréachtú agus a sheoladh. | Rinneadh an Plean Gníomhaíochta a scríobh, a sheoladh agus a nuashonrú agus déantar tuairisciú air. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |
| | Leanúint de bhearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar mhná a earcú agus a choinneáil agus ar dhul chun cinn na mban i Óglaigh na hÉireann. | Bearta a rinneadh agus a cuireadh chun feidhme maidir le hearcaíocht agus coinneáil ag tacú le méadú ar líon na mban ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí i Óglaigh na hÉireann.<br><br>#L na mban agus an méadú % ar líon na mban ag leibhéal bainistíochta meánaí nó sinsearaí i Óglaigh na hÉireann. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |
| | Bearta bailithe sonraí a scrúdú d'fhonn éifeacht bhearta oiliúna agus eagrúcháin na bhFórsaí Cosanta a mheas i ndáil le Clár Oibre MSS. | Sonraí bailithe. | | | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |

### TORADH STRAITÉISEACH 2.2: Déantar ceannaireacht agus rannpháirtíocht fhónta na mban i gcosc na coinbhleachta, i gcomhréiteach, idirghabháil, téarnamh ó choinbhleacht, slándáil idirnáisiúnta, cothú na síochána agus i bhfóraim dí-armála a fheabhsú go suntasach trí chumhachtú

## Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.2.1 Guthanna na mban a mhéadú agus a neartú sa chinnteoireacht ag gach leibhéal agus rannpháirtíocht bhríoch na mban sa tsíocháin a chothú a mhéadú agus a neartú freisin. | Maoiniú a mhéadú chun cláir atá dírithe ar ghuthanna na mban a mhéadú agus a neartú i gcinnteoireacht ar gach leibhéal a chur chun cinn. | € maoiniú méadaithe. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| | Leanúint den chur chuige rannpháirtíochta cothroime ionadaíche (in Éirinn agus i dtíortha fócais) maidir le PGNanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | #L na gcomhairliúchán cothrom ionadaíoch.<br><br>#L na n-ionadaithe ban i bhfóraim NA a fhaigheann tacaíocht ó Éirinn.<br><br>% idirghabhálaithe agus rannpháirtithe ag léiriú feasachta ar thuiscintí inscne. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| | Comhpháirtithe a spreagadh chun oibriú le gníomhaithe áitiúla agus acmhainn a fhorbairt i ngníomhaithe áitiúla chun freagairtí faoi stiúir na mban a thabhairt ar éigeandálaí. | Comhlíonadh agus feabhsú tuairiscithe ar acmhainn na ngníomhaithe áitiúla a fhorbairt chun freagairt faoi stiúir na mban a thabhairt ar éigeandálaí. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| 2.2.2 Tacaíocht do phrionsabail MSS, lena n-áirítear an Comhionannas Inscne, Cumhachtú na mban agus idirghabhálaithe mná, a neartú agus an cur chun feidhme a neartú. | Tacú le heagraíochtaí idirghabhála idirnáisiúnta, réigiúnacha agus, más iomchuí, le heagraíochtaí idirghabhála náisiúnta chun an bhéim a leagtar ar phrionsabail MSS a mhéadú, go háirithe go mbeadh mná ina n-idirghabhálaithe. | #L agus % na n-idirghabhálaithe mná a bhí páirteach i ngach céim den idirghabháil a ndearna ár gcomhpháirtithe éascú uirthi agus ar thacaigh siad léi agus a bhí páirteach in idirghabháil Chur Chuige a 1. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ARC) |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tacaíocht a thabhairt agus abhcóideacht a dhéanamh do phríomhshruthú inscne i bpleananna oibriúcháin Mhisin Shibhialtacha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, mar chuid de shainorduithe Misean agus oibríocht Misean ó lá go lá. Curtha in iúl i gcuótaí inscne do shaineolaithe sibhialtacha Éireannacha a earcú agus a chur chuig Misin Chomhbheartas Slándála agus Cosanta AE. | Cothromaíocht inscne de 40% ar a laghad d'ionadaíocht na mban/na bhfear a chuireann RGET amach. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil<br><br>(ABSI) |
| | Maoiniú agus tacaíocht a mhéadú d'eagraíochtaí agus gluaiseachtaí ban.<br><br>Bunaíodh bunlíne d'eagraíochtaí agus de ghluaiseachtaí ban, lena n-áirítear Cosantóirí Chearta an Duine ar mná iad i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus i gcomhthéacsanna leochaileacha. | Méadú ar % maoinithe<br><br>Leibhéal na tacaíochta € d'eagraíochtaí agus do ghluaiseachtaí ban, lena n-áirítear Cosantóirí Chearta an Duine ar mná iad i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus i gcomhthéacsanna leochaileacha (íseal, meánach, ard).<br><br>#L na gCosantóirí Chearta an Duine ar mná iad a thug cuairt ar Éirinn ó chomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus ó chomhthéacsanna leochaileacha in aghaidh na bliana | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| | Gníomhaíocht 21 de Chlár Oibre Dí-armála na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun tuiscint níos fearr a chothú ar thionchar arm ar choinbhleacht a bhainistiú ach cur leis an mbonn fianaise agus leis an anailís a dtacaítear léi chun an tionchar díréireach a bhíonn ag úsáid arm ar mhná agus ar chailíní a thuiscint. | Leibhéal feasachta ar an tionchar tuairiscithe (íseal, meánach, ard).<br><br>An méid ábhair a tugadh don bhonn fianaise (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (RDN; ARC) |
| | Tacú le agus abhcóideacht a dhéanamh do Phleananna Gníomhaíochta Misin Inscne de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus Líonraí Pointí Fócasacha inscne a bhunú. | Soláthar pleananna ardchaighdeáin bhríocha inscne agus pointí fócasacha inscne i Misin. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ABSI) |
| 2.2.3 Sineirgí Clár Oibre MSS agus an Clár oibre don Óige, an tSíocháin agus don tSlándáil (ÓSS) a fheabhsú. | Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí atá ag cothú ghuth na n-óg, trasnú idir Clár Oibre MSS agus an Clár Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil lena n-áirítear béim ar an gcomhrá idirghlúine. | #L na n-imeachtaí cáilíochta a bhain le MSS nó leis an gClár Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil a raibh mná óga agus cailíní rannpháirteach iontu.<br><br>Tacaíocht agus € méadaithe do chláir a chumasaíonn cailíní sna déaga.<br><br>Leibhéal an chuimsithe a thuairiscítear i ndáil le mná óga a ghlacann páirt bhríoch sa chinnteoireacht, sa choinbhleacht a chosc agus sa tsíocháin a chothú ag gach leibhéal (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil (ARC) |

## TORADH STRAITÉISEACH 2.3: Is léir an feabhas a chuirtear ar chumhachtú agus ar rannpháirtíocht fhónta i gcinnteoireacht na mban ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear iad sin a mbíonn tionchar ag coinbhleacht orthu

### Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.3.1 Tacaíocht theicniúil agus airgeadais níos fearr a chur ar fáil do chláir na sochaí sibhialta a dhíríonn ar na cúiseanna le coinbhleacht ach cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de a úsáid. | Tacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar tríd an gCiste Athmhuintearais do thionscnaimh faoi stiúir na sochaí sibhialta ag leibhéal straitéiseach a neartaíonn ról na mban sa tsíochán a chothú, saincheisteanna as a dtagann coinbhleacht a réiteach, sochaí láidir shibhialta a chothú agus rannpháirtíocht pholaitiúil ar oileán na hÉireann a spreagadh. | Clibeanna a bhaineann le MSS a chomhtháthú sa chóras bainistíochta deontais.<br><br>#L na gcruinnithe leis an tsochaí shibhialta i dTuaisceart Éireann. | | | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |
| | Bunlínte a bhunú don mhaoiniú MSS agus don mhéadú bliantúil ar an maoiniú a thugtar do thionscnaimh agus do chláir MSS ón gCiste Athmhuintearais. | Méadú bliantúil ar € atá tiomnaithe do chláir na sochaí sibhialta i ndáil le hinscne. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |

### Gníomhaí: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.3.2 Rannpháirtíocht na mban imirceach atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú, lena n-áirítear iad siúd ó cheantair ina bhfuil coinbhleacht. | Tacú le folláine na mban in Ionaid Soláthair Dhírigh agus sa phobal. | Tacaítear le piarghrúpaí a bhunú in ionaid Soláthair Dhírigh agus i bpobail. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GFI,RDCC |
| | Clár sealbhaithe Béarla a fhorbairt d'imircigh mná in Éirinn. | #L na mban a dhéanann ranganna Béarla. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | OPMI |
| | Monatóireacht agus meastachán a dhéanamh ar fhorbairt acmhainne na gcliant mná taobh istigh de Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint. | Bunaíodh bunlínte agus rinneadh monatóireacht orthu chun an méadú a rianú. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IRPP/OPMI |
| | Tacú le deiseanna do mhná dul leis an gcruthaitheacht agus úsáid a bhaint as a gcuid scileanna sa tionscal baile. | Tacaíocht a sholáthar trí shruthanna ábhartha maoinithe. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí cuí rialtais maidir le cúram leanaí a sholáthar in ionaid chóiríochta agus i bpobail do chliaint IRPP. | Neartaítear cumas na mban páirt ghníomhach a ghlacadh i ndeiseanna sa phobal agus sa tsochaí i gcoitinne. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GFI |

### Gníomhaí: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhairliúchán, cuimsiú agus rannpháirtíocht a neartú i struchtúir chinnteoireachta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta do mhná, lena n-áirítear mná ó cheantair a bhfuil ina bhfuil coinbhleacht agus ina raibh coinbhleacht. | Luachanna agus prionsabail, agus treoirlínte, prótacail agus tagarmharcanna a forbraíodh chun comhairliúcháin, rannpháirtíochta agus rannpháirtíochta i bpróisis chinnteoireachta a dhéanamh de réir na ndea-chleachtas.<br><br>Treoirlínte agus prótacail a forbraíodh chun ionadaíocht éagsúil agus comhionannas a chinntiú (lena n-áirítear ionadaíocht chothrom inscne).<br><br>Struchtúir agus próisis rannpháirtíochta arna bhforbairt ag ranna Rialtais agus ag gníomhaireachtaí Stáit. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Aonad Beartais Pobail, RFTP |
| | Tacú le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe mná faoin gclár SICAP 2018–2022. | Líon na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe mná a fhaigheann idirghabhálacha SICAP | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An tAonad um Chuimsiú Sóisialta agus Pobail, RFTP |

## COLÚN III: COSAINT

**TORADH STRAITÉISEACH 3.1: Cinntítear cosaint do mhná agus do chailíní i gcomhthéacsanna leochaileacha ina bhfuil coinbhleacht agus go ndéantar gach sárú ar chearta daonna na mban, lena n-áirítear Teacht i dTír Gnéasach agus Foréigean Gnéis agus Inscne a chosc agus a chomhrac.**

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta/ Clocha míle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Aona(i)d C(h) eannasach(a) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála** | | | | | | | | |
| 3.1.1 A chinntiú go dtugtar tosaíocht do mhná agus cailíní a chosaint in éigeandálaí inár ngealltanais forbartha idirnáisiúnta. | Tacaíocht ilbhliantúil a mhéadú do chláir agus do thionscnaimh atá dírithe ar chomhionannas agus cosaint inscne a chinntiú do mhná agus do chailíní i suíomhanna éigeandála agus freagairt a thabhairt ar an bhforéigean bunaithe ar inscne agus cosc a chur air. | Bunaíodh bunlíne.<br><br>méadú % agus € agus sprioc go gcuirfear méadú 50% ar a laghad ar mhaoiniú daonnúil do chúrsaí inscne agus cosanta. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Tacaíocht ilbhliantúil a mhéadú do chláir agus do thionscnaimh a choisceann agus a thugann freagairt ar fhoréigean ar bhonn inscne, lena n-áirítear ár dtiomantas maidir le rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh i gCuibhreannas na hÉireann ar Fhoréigean Bunaithe ar Inscne (CÉFBI). | Leibhéal rannpháirtíochta leis CÉFBI agus dul chun cinn maidir le plean straitéiseach an Chuibhreannais a chur chun feidhme (íseal, meánach, ard).<br><br>Méadú ar #L, % agus € na gclár. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Tacaíocht leanúnach a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine. | € na gclár. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil (ACD) |
| | Cuntasacht don Fhoréigean Gnéis agus Inscne a neartú lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe chun cáipéisí a bhailiú agus a stóráil le hiniúchadh a dhéanamh ar choireanna den sórt sin. | Fianaise ar dhoiciméid agus ar mheicníochtaí cuntasachta. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil |
| | Acmhainn sonrach acmhainní daonna agus saineolas teicniúil a leithdháileadh d'fhonn tacú le freagairt dhaonnúil éifeachtach ar fhoréigean inscne i gcomhthéacsanna éigeandála agus téarnaimh, lena n-áirítear trínár gCór Mearfhreagartha. | #L méadaithe na Speisialtóirí Inscne ar uainchlár an Chóir Mhearfhreagartha. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Cosaint a thabhairt do mhná agus do chailíní i gcásanna éigeandála a chur sna critéir bhreithmheasa dóibh siúd a fhaigheann maoiniú daonnúil de chuid Chúnamh Éireann agus leanúint den rannpháirtíocht idirnáisiúnta tríd an Treoir um Ghníomh. Ní mór déine na riachtanas atá ag mná agus cailíní in éigeandálaí i chur san áireamh sna cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh ar mhaoiniú daonnúil. | #L agus % na gclár a dtacaítear leo a bhfuil cosaint na mban ina critéar breithmheasa. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.1.2 An obair a dhéantar maidir le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht, comhthéacsanna daonnúla agus forbartha. | Maoiniú a sholáthar chun oiliúint a chur ar mheithleacha síochánaíochta in iniúchadh a dhéanamh ar Fhoréigean Gnéis agus Inscne a tharlaíonn mar gheall ar choinbhleacht.. | Méadú tuairiscithe ar thionchar (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil (ABSI) |
| | Tacú le hoiliúint a chur ar ghníomhaithe forbartha agus daonnúla ar an bhForéigean Gnéis agus Inscne a chosc agus freagairt a thabhairt air. | #L na gclár oiliúna ar Fhoréigean Gnéis agus Inscne a reáchtáladh agus leibhéal an tionchair (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Glacadh moladh ó Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE maidir leis an teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc. | Cuimsíodh an beartas le doiciméid ábhartha RGET. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Glacadh beartas cuimsitheach RGET maidir leis an teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus cuireadh chun feidhme é. | Leibhéal an chur chun feidhme (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Maoiniú curtha ar fáil do ghníomhaíocht idirnáisiúnta a neartú chun dea-chleachtas a chur chun feidhme maidir le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc. | Cuimsíodh dea-chleachtais i ndáil le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach a chosc sna critéir mhaoinithe.<br><br>Leibhéal € an mhaoinithe a cuireadh ar fáil. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| 3.1.3 Abhcóideacht a mhéadú chun a chinntiú go ndéantar meicníochtaí agus seirbhísí cosanta a mhaoiniú agus go dtugtar tosaíocht dóibh ar fud an domhain. | Abhcóideacht mhéadaithe trí chomhpháirtíochtaí atá ann cheana, rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta, agus rannpháirtíocht i meicníochtaí rialachais comhpháirtíochta. | Leibhéal na habhcóideachta (íseal, meánach, ard).<br><br>Leibhéal chur chun feidhme na habhcóideachta (íseal, meánach, ard). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Abhcóideacht a dhéanamh ar mhaithe le níos mó tagairtí a dhéanamh don fhoréigean gnéis agus inscne a bhaineann leis an gcoinbhleacht i ngníomhaíochtaí téamacha agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith mar chritéar do smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus abhcóideacht a dhéanamh don chuntasacht ag gach leibhéal as an bhforéigean gnéis agus inscne a bhaineann le coimhlint a úsáid. | Méadú ar thuairisciú agus ar #L na n-idirghabhálacha a rinne Éire nuair a bhí tacaíocht ann do thagairt don Fhoréigin Gnéis agus Inscne a bhaineann le coinbhleacht mar chritéar do smachtbhannaí NA; líon na n-idirghabhálacha a rinne Éire ag tacú le cuntasacht as Foréigean Gnéis agus Inscne a bhaineann le coinbhleacht a úsáid. | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | Rannán Polaitiúil (ARC/ Rannóg Pholaitiúil ar smachtbhannaí a chomhordú)<br><br>i gcomhar leis an<br><br>Rannán Dlí (ICC) |
| | Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC) agus an Chiste Iontaobhais ICC d'Íospartaigh. | Tacaíocht airgeadais a thabhairt do ICC agus do Chiste Iontaobhais ICC d'Íospartaigh. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Rannán Dlí (ICC) |
| 3.1.4 Obair a threisiú agus a chur chun cinn maidir le Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe (SRHR) i gcásanna éigeandála agus i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht. | Anailís a rinneadh ar chláir na hÉireann i ndáil le Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála.<br><br>Bunaíodh bunlíne agus méadú comhréireach ar scóip agus ar mhaoiniú dár gcuid oibre ar chláir um Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe i gcásanna éigeandála agus i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht. | Baintear úsáid as anailís chun beartas agus cinnteoireacht a threorú (íseal, meánach, ard).<br><br>Bunaíodh bunlíne agus #L agus % méadaithe comhréirigh ar scóip agus ar mhaoiniú d'éigeandálaí agus do shuíomhanna ina bhfuil coinbhleacht. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; An Rannán Polaitiúil |
| 3.1.5 Tacaíocht a thabhairt do Chosantóirí Chearta an Duine agus spás na sochaí sibhialta a chosaint, le béim ar leith ar na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag Cosantóirí Chearta an Duine ar mná iad. | Is tosaíocht i gcónaí do bheartas eachtrach na hÉireann é tacaíocht a thabhairt do Chosantóirí Chearta an Duine agus do spás na sochaí sibhialta.<br><br>Leanann Éire de bheith i gceannas ar rún spás na sochaí sibhialta ag an gComhairle um Chearta an Duine agus leanann sí uirthi ag roinnt ualach na gCosantóirí Chearta an Duine leis an Aontas Eorpach. | Líon na moltaí a rinne Éire maidir le Cosantóirí Chearta an duine, (go háirithe Cosantóirí Chearta an duine ar mná iad) sa Phróiseas Athbhreithnithe Tréimhsiúil Uilíoch.<br><br>#Líon na rún urraithe/comhurraithe agus #L na ráiteas/na n-idirghabhálacha a rinneadh ar cheist na gCosantóirí Chearta an duine. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ACD) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.1.6 Leanúint d'iarrachtaí chun a chinntiú go gcuirfear an Conradh Trádála Arm (CTA) chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear a fhorálacha a bhaineann le hinscne (airteagal 7.4). | Béim leanúnach ar an nasc idir sruthanna aindleathacha arm agus tionchair inscne.<br><br>Rinneadh anailís agus forbraíodh treoirlínte praiticiúla chun tacú le Páirtithe an Stáit chun oibleagáidí i ndáil leis an FBI atá mar chuid den Chonradh Trádála Arm a chur chun feidhme. | #L agus % na n-oibleagáidí atá curtha chun feidhme.<br><br>Fianaise ar an mbéim. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (RDN) |
| **Gníomhaí: Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta** | | | | | | | | |
| 3.1.7 Cinntítear cosaint do mhná agus do chailíní i gcomhthéacsanna leochaileacha agus i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht agus go ndéanfar TMÚG agus an Foréigean Gnéis agus Inscne a chosc agus a chomhrac. | Leanúint de pholasaithe éifeachtacha oiliúna a chur chun feidhme maidir leis an TMÚG a chosc, cearta daonna, comhionannas inscne, agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an cód iompair, do gach ball foirne Éireannach lena mbaineann a imlonnaítear thar lear, lena n-áirítear trí thacú le Scoil Traenála na Náisiún Aontaithe in Éirinn (UNTSI) mar ionad barr feabhais, chomh maith le hoiliúint a chur ar shibhialtaigh a imlonnaítear. | #L na míleatach agus na sibhialtach Éireannach agus idirnáisiúnta a imlonnaíodh agus daoine arbh fhéidir a imlonnú atá oilte ar shaincheisteanna MSS.<br><br>Oiliúint rialta, cothrom le dáta ar shaincheisteanna a bhaineann le MSS.<br><br>Tuairisciú cáilíochtúil ar an dea-chleachtas i ndáil le hinscne/MSS a chomhtháthú i misin agus in oibríochtaí CSDP agus an sainordú á chur chun feidhme, lena n-áirítear seicliosta don phearsanra atá fostaithe i róil inscne le spriocanna sonracha a d'fhéadfaí a bhaint amach. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |
| | Oiliúint a mhéadú agus a fheabhsú do phearsanra Óglaigh na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag iniúchadh cásanna ionsaithe gnéis, chun a chinntiú go bhfaigheann an t-íospartach an tacaíocht riachtanach agus go ndéantar iniúchadh neamhchlaonta. | Polasaí oiliúna curtha chun feidhme. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |

**TORADH STRAITÉISEACH 3.2: Déantar comhordú éifeachtach ar shásraí agus ar sheirbhísí institiúideacha agus neartaítear iad chun cosaint, faoiseamh, téarnamh agus athshlánú ban in Éirinn a mbíonn tionchar ag coinbhleacht orthu a chinntiú.**

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta/ Cloch mhíle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Ceannaire na Roinne |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **Gníomhaí: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** | | | | | | | | |
| 3.2.1 Faoiseamh, téarnamh agus imeascadh níos fearr a chinntiú do mhná in Éirinn a raibh tionchar ag an gcoinbhleacht orthu. | Comhsheasmhacht seirbhísí a bhaineann le folláine síceasóisialta ar fud na nIonad Soláthair Dhírigh a chinntiú. | Seirbhísí bunaithe agus creat monatóireachta i bhfeidhm. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GFI |
| | Tacú leis na Caighdeáin Náisiúnta um Chóiríocht a thairgtear do Dhaoine sa Phróiseas Cosanta a chur chun feidhme. | Seirbhís ardchaighdeáin mar atá leagtha amach sa doiciméad um Chaighdeáin Náisiúnta a sholáthar. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GFI |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Maoirseacht a dhéanamh ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht éifeachtach ar an bpróiseas athlonnaithe agus ar thionchar a leithéid ar na tairbhithe mná. | Rannpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le comhlachtaí ábhartha a bhféadfaí foghlaim uathu. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IRPP |
| | Clár Urraíochta Pobail a fhorbairt chun éascú níos mó a dhéanamh ar mhná a imeascadh leis an bpobal agus ar chaidrimh áitiúla a fhás. | Tuilleadh teaghlach ag teacht faoin gClár Urraíochta Pobail. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GFI |
| | An gá le hateangaireacht atá íogair ó thaobh inscne de a aithint nuair is iomchuí. | Ateangairí mná a sholáthar, i gcás saincheisteanna íogaire a bhaineann le hinscne. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RDCC Uile |
| **Actor: An Garda Síochána:** | | | | | | | | |
| 3.2.2 Seirbhís póilíneachta lúfar a sholáthar, a fhreagraíonn do nádúr athraitheach na coireachta agus seirbhís phóilíneachta atá dírithe ar an íospartach a sholáthar, a thacaíonn le gach úsáideoir leochaileach seirbhíse agus oibleagáidí reachtúla AGS d'íospartaigh a chur chun feidhme. | Iniúchadh a dhéanamh ar phróiseas foirmiúil aitheanta d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine i gcomhar le páirtithe leasmhara criticiúla. | Feabhas a chur ar íospartaigh a aithint agus a atreorú agus meicníocht athbhreithnithe atreoraithe a eisiúint i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha, lena gcuirtear sainaithint fhoirmiúil, tréimhse téarnaimh agus machnaimh agus seirbhísí íospartach ar fáil do gach íospartach gan atreorú ó na póilíní.<br><br>Traenáil ar gháinneáil ar dhaoine curtha ar fáil do phearsanra na nGardaí agus aird á tabhairt ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, Póilíní agus Slándáil. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GNPSB |
| | Tacú leis an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac in Éirinn a chur chun feidhme | Méadú ar #L na n-íospartach mná a ndearnadh gáinneáil orthu ó chriosanna coinbhleachta.<br><br>Leanúint de thionscnaimh a dhéanamh ar fud na tíre, faoi Oibríocht 'Quest ', a dhíríonn orthu siúd a bhfuil baint acu le striapachas eagraithe d'fhonn daoine a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine a aithint, cosc a chur orthu, a bhrath agus a ionchúiseamh as gáinneáil a dhéanamh ar dhaoine chun críche dúshaothrú gnéis. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GNPSB<br><br>GNPSB / Gach Oifigeach Rannóige agus Ceantair |
| | Coireacht Fuatha a chosc agus iniúchadh a dhéanamh ar choireanna fuatha a eascraíonn ó chúiseanna inscne agus eitneachta. | Déanfaidh AGS a dhícheall chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht fuatha ach cur chuige tríthaobhach a úsáid:<br><br>(i) Oideachas / Feasacht: Clár Scoileanna an Gharda Síochána agus Faire an Champais.<br><br>(ii) Forfheidhmiú an Dlí: sainmhínithe oibríochtúla póilíneachta ar choir fuatha agus ar eachtraí fuatha a fhoilsiú; tuairisciú ar eachtraí den sórt sin a spreagadh; a chinntiú go ndéantar coireanna den sórt sin a thaifeadadh agus go ndéantar imscrúdú críochnúil agus ionchúiseamh i gcoireanna dá leithéid. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GNPSB |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | agus (iii) Tacú le hÍospartaigh le linn imscrúduithe – béim a chur ar ról na nGardaí atá i mbun fiosraithe chun tacú le hÍospartaigh; ceapachán Oifigigh Idirchaidrimh Teaghlaigh (nuair is iomchuí) agus meicníochtaí tacaíochta d'íospartaigh a chur ar fáil freisin trí na hOifigí Rannóige um Sheirbhísí d'Íospartaigh le tacaíocht ón Oifig Náisiúnta d'Íospartaigh (GNPSB). | | | | | | GNPSB |
| | Cuirfear Oiliúint sa Cheartas Aisiríoch / Idirghabháil ar fáil | Leanfar d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige a chur ar fáil i ngach Roinn den Gharda Síochána chun cabhrú le daoine óga ó gach pobal, lena n-áirítear mná agus cailíní, agus buachaillí agus fir a tháinig go hÉirinn ó chriosanna ina raibh coinbhleacht agus a dteastaíonn tacaíocht ó AGS uathu nó, daoine a thagann i dteagmháil le hoifigigh forfheidhmithe dlí in Éirinn. An oiliúint seo a chur ar Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic go héifeachtach le baill de ghrúpaí mionlaigh agus grúpaí éagsúla eile laistigh dá bpobail. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Rannpháirtíocht an Phobail agus Sábháilteacht Phoiblí<br><br>GRIDO |
| | Leagann Ráiteas nua Straitéise an Gharda Síochána béim ar chearta an duine mar bhunús do sheirbhísí póilíneachta a sholáthar. | Chomh maith leis an infheistíocht a rinne AGS i gcearta an duine, cuirfidh AGS tionscnaimh éagsúlachta agus uilechuimsitheachta chun cinn go hinmheánach agus go seachtrach agus forbrófar beartas um choireacht fuatha agus cuirfear chun feidhme é.<br><br>Rachaidh AGS i gcomhar le pobail agus le páirtithe leasmhara, éistfear leis na riachtanais phóilíneachta agus déanfar iarracht tuiscint a fháil orthu agus oibreofar i gcomhar leis an bpobal chun aghaidh a thabhairt orthu. Mar thoradh air sin, beidh seirbhís póilíneachta fheiceálach shofhreagrach ann atá in oiriúint do riachtanais an phobail agus ar féidir le gach duine inár bpobail éagsúla teacht uirthi. Áireofar leis seo cuairteanna sceidealaithe a dhéanfaidh pearsanra Póilíneachta Pobail, chomh maith le hOifigigh Idirchaidrimh Eitnigh, chuig Ionaid Soláthair Dhírigh atá lonnaithe sa Cheantar agus sa Roinn. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna<br><br>GRIDO |
| | Leagann Ráiteas nua Straitéise an Gharda Síochána béim ar chearta an duine mar bhunús do sheirbhísí póilíneachta a sholáthar. | I gcomhréir lenár ndualgais dhearfacha faoi Alt 42, Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, forbróidh AGS acmhainn i gCearta an Duine le linn saolré na Straitéise. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | CAO/Dlíthiúil |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Straitéis Athbhreithnithe Éagsúlachta agus Imeasctha do AGS a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhoilsiú. | Plean oibre a thacaíonn leis an tseirbhís phóilíneachta a chuireann AGS ar fáil d'inimircigh/do dhídeanaithe mná agus iarrthóirí tearmainn mná atá leochaileach.<br><br>Traenáil a chur ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh Éagsúlachta an Gharda Síochána agus d'Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh a bhíonn ag plé le mná ó phobail inimirceacha.<br><br>Leanfaidh AGS den oiliúint ar fud na heagraíochta, go háirithe dóibh siúd atá ag obair le mná ó phobail inimirceacha, mar shampla, Oifigigh Idirchaidrimh Éagsúlachta an Gharda Síochána agus Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh, agus leanfar den obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar mhná agus ar chailíní a athlonnaíodh in Éirinn ó chriosanna ina raibh coinbhleacht tráth a aithint.<br><br>Leanfaidh Gardaí Pobail den rannpháirtíocht le Baill de Phobail Eitneacha laistigh dá gCeantair faoi seach trí idirghníomhú le ceannairí pobail/reiligiúnacha agus tabharfar tacaíocht do bhaill na bpobal eitneach sin.<br><br>Clinicí Pobail na nGardaí a óstáil ag Ionaid do Dhídeanaithe/Iarrthóirí Tearmainn.<br><br>Leanfaidh an Oifig Náisiúnta um Éagsúlacht agus Imeascadh den rannpháirtíocht le ceannairí agus baill de Phobail Éagsúla [trí Chomhpháirtíochtaí / Fóraim Idirchultúrtha Náisiúnta agus Áitiúla], go háirithe le fir agus le buachaillí atá ina gcónaí in Éirinn anois agus a tháinig ó chriosanna ina raibh coinbhleacht. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Biúró Caidrimh Phobail an Gharda Síochána<br><br>Rannpháirtíocht an Phobail agus Sábháilteacht Phoiblí<br><br>Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna<br><br>GRIDO<br><br>Biúró Caidrimh Phobail an Gharda Síochána<br><br>GRIDO |
| | Oiliúint frithradacaithe a sholáthar do Ghardaí Pobail, Oifigigh Éagsúlachta, Oifigigh Coiscthe Coireachta agus Oifigigh Idirchaidreamh Óige. | Forbróidh Biúró Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána oiliúint frithradacaithe agus feasachta agus déanfar í a chur ar fáil do Ghardaí Pobail, Oifigigh Éagsúlachta, Oifigigh Coiscthe Coireachta agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige chomh maith le baill eile den Gharda Síochána, ar fud na heagraíochta. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Biúró Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána |
| | Treoir agus beartas a chur ar fáil chun na daoine is leochailí sa chóras dlí choiriúil a chosaint. | Treoir agus beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme le go mbeidh sé ar chumas bhaill AGS spriocanna agus gealltanais a thugtar do na daoine is leochailí sa chóras dlí choiriúil, lena mbíonn siad i dteagmháil, a chomhlíonadh. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | GNPSB / STO |
| | Limistéir Phóilíneachta Pobail a bhunú faoi choimirce an Chreat Náisiúnta Póilíneachta Pobail agus Gardaí Pobail áitiúla a cheapadh. | Leanfaidh sé seo de chaidreamh gairmiúil a thógáil le gach ball de na pobail a bhfreastalaímid orthu.<br><br>Clinicí Pobail na nGardaí ag Ionaid do Dhídeanaithe/Iarrthóirí Tearmainn. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Biúró Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faoi choimirce an Tascfhórsa Comhghníomhaíochta (JATF), tugann comhpháirtíocht le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis na contaetha ar an teorainn, lena n-áirítear coireacht tuaithe, coireacht a bhaineann le drugaí, coireacht airgeadais, coireacht ioncaim/mháil, cionta inimirce, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus ar leanaí. | Tabharfar faoi chlár oibre MSS na Náisiún Aontaithe i gcomhthéacs na gcolún a chomhaontaigh an Tascfhórsa Comhghníomhaíochta, go háirithe sna contaetha ar an teorainn. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Póilíneacht agus Slándáil |
| **Gníomhaí: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | | | | | | | | |
| 3.2.3 Faoiseamh agus téarnamh a chinntiú do mhná a tháinig ó thíortha ina bhfuil coinbhleacht agus atá ina gcónaí in Éirinn agus a d'fhulaing FBI. | Clár oiliúna a chur ar fáil d'fhoireann FSS chun tacú le freagairtí oiriúnacha éifeachtacha ar mhná ó áiteanna ina bhfuil coinbhleacht a d'fhulaing foréigean baile, foréigean gnéasach nó foréigean ar bhonn inscne. | Acmhainn oiliúna: Cuireadh "Íospartaigh a d'fhulaing foréigean baile, foréigean gnéasach nó foréigean ar bhonn inscne a aithint agus freagairt a thabhairt orthu" i bhfeidhm . | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Tacú le Measúnú Leochaileachta a chur chun feidhme i gcás mná atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir leis an Treoir athmhúnlaithe ó AE maidir le Coinníollacha Glactha (Treoir 2013/33/AE)[3] | Measúnú curtha chun feidhme. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do raon eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn seirbhísí sláinte do dhídeanaithe mná, iad siúd atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus imircigh mhná a d'fhulaing foréigean/ coinbhleacht, lena n-áirítear cláir mheabhairshláinte, Clinic um Chiorrú Ball Giniúna Ban, seirbhísí for-rochtana sláinte gnéis agus atáirgthe in ionaid Soláthair Dhírigh. | #L na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann FSS trí chomhaontuithe seirbhíse.<br><br>Tuairisciú rialta a dhéanamh ar na cláir seo. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |

3. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32013L0033

## COLÚN IV: CUR CHUN CINN

**TORADH STRAITÉISEACH 4.1: Feabhsaítear tiomantais agus gníomhartha na hÉireann ar Chlár Oibre MSS, lena n-áirítear comhroinnt ceachtanna, agus cuirtear in iúl iad trí abhcóideacht, cumarsáid agus rannpháirtíocht ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.**

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta /Clocha míle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Ceannaire an Rialtais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **GNÍOMHAÍ: AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA** | | | | | | | | |
| 4. 1.1 Abhcóideacht do Chlár Oibre MSS a mhéadú go hidirnáisiúnta. | Abhcóideacht a dhéanamh ar son na tuisceana inscne a chomhtháthú i mbeartais, rúin, cinntí agus ionstraimí a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil ar fud an AE, na Náisiún Aontaithe, ESCE, ECFE, IIAanna agus fóraim eile idirnáisiúnta.<br><br>Ár nguth agus ár dtionchar a úsáid chun Clár Oibre MSS a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe, agus MSS a chur chun cinn i gcomhthéacs iarrthóireacht na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ballraíocht ionchasach na hÉireann sa Chomhairle sin don téarma 2021–2022. | #L na n-idirghabhálacha chun tacú le tuiscintí inscne ar fud na bhfóram seo.<br><br>#L na nGrúpaí Cairde agus Líonraí Pointí Fócais MSS ar freastalaíodh orthu<br><br>#L na n-idirghabhálacha a rinneadh chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí ag na heagraíochtaí cur chun feidhme do Chlár Oibre MSS agus go leagann siad béim ar an gClár Oibre.<br><br>#L na ráiteas ina ndéantar tagairt do MSS. | ✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | RCFA /An Rannán Polaitiúil (Beartas NA)<br><br>/ CoE / ESCE /<br><br>ECFE, srl. |
| | Tacú le cistí, eintitis agus comhlachtaí NA, chun cur chun feidhme agus príomhshruthú Chlár Oibre MSS a éascú, lena n-áirítear trí phróisis leanúnacha athchóirithe NA. | #N de chláir, cistí, eintitis agus comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus próisis athchóirithe na Náisiún Aontaithe a chuimsíonn peirspictíochtaí um chothú inscne agus síochána.<br><br>Leibhéal an tiomantais maidir le maoiniú. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA /<br><br>An Rannán Polaitiúil (Polasaí na Náisiún Aontaithe) / CoE / ESCE / ECFE, srl. |
| | Tacú le bearta a glacadh chun rúin MSS a chur chun feidhme lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine ar mná iad a chosaint agus dul i ngleic le FBI agus TMÚG mar chuid den mheicníocht Athbhreithnithe Tréimhsigh Uilíoch (ATU) de chuid Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. | #L agus caighdeán na moltaí agus na dtagairtí a bhaineann le MSS, FBI agus TMÚG i bpróisis athbhreithnithe thréimhsiúil uilíoch. | | | | | | An Rannán Polaitiúil (ACD) |
| | Taighde ar bun chun tacú le hobair na hÉireann dul i bhfeidhm ar bheartas AE lena dtacaítear le MSS. | An méid den taighde a bhí le sonrú sna beartais (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RCFA; |
| | Páirt iomlán a ghlacadh i dTascfhórsa an Aontais Eorpaigh maidir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht sna cuir chuige ar fud AE a mhéadú do MSS, lena n-áirítear trí ghealltanais i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le MSS. | #L na gcruinnithe neamhfhoirmiúla den Tascfhórsa AE ar freastalaíodh orthu<br><br>#L na ngníomhaíochtaí ábhartha i bPlean Gníomhaíochta an AE arna gcomhlíonadh ag Éirinn | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ARC) |
| | Abhcóideacht a dhéanamh ar son an comhionannas inscne a chur san áireamh i bpleananna oibriúcháin agus i gcoincheapa bainistíochta géarchéime de chuid Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) AE do mhisin agus d'oibríochtaí míleata agus sibhialta, lena n-áirítear nuair is iomchuí tuairisciú ar leith a dhéanamh go comhuaineach don slabhra ceannais. | #L na n-idirghabhálacha atá déanta ag Éirinn chun tacú leis an príomhshruthú inscne a chuimsiú ar fud gach misin CBSC (sainorduithe agus oibríochtaí misin araon). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil<br><br>(ABSI) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.1.2 Cur chun cinn a dhéanamh ar cheachtanna MSS a roinnt | Tionscnaimh roinnte ceachta a chur chun cinn sa Cholóim agus i Meiriceá. | #L na n-imeachtaí agus na gclár roinnte ceachta a maoiníodh. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |
| | Taithí agus saineolas na mban ar an tsíochain a chothú i dTuaisceart Éireann/ a chur chun cinn sa réimse idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí bhéim a leagan ar eiseamláirí ban. | #L na ndaoine a bhíonn i mbun an tsíochain a chothú a mhaoiníonn RGET atá ag obair chun tacú le próisis síochána go hidirnáisiúnta.<br>#L na gcomhdhálacha/na n-imeachtaí lenar tacaíodh le ceachtanna ó phróisis síochána Thuaisceart Éireann a roinnt. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ARC);<br>IUKA |
| | Rinneadh agus scaipeadh taighde ar ról na mban i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann le tacaíocht ó Éirinn. | Léiriú ar an taighde i mbeartais (íseal, meánach, ard) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | An Rannán Polaitiúil (ARC) |
| | Cur chun cinn a dhéanamh ar cheachtanna a roinnt maidir le Pleananna Náisiúnta Gníomhaíochta a fhorbairt ar fud AE agus comhthéacsanna fócais | #L na dtionscnamh roinnte ceachta ar tacaíodh leo. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | An Rannán Polaitiúil (ARC) |
| 4.1.3 Plean cumarsáide a fhorbairt chun clár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála a chur chun cinn i meáin na hÉireann agus ar líne araon, agus trí imeachtaí for-rochtana in Éirinn. | Comhaontaíodh plean cumarsáide agus cuireadh i bhfeidhm é. | #L na n-imeachtaí for-rochtana MSS.<br>Méadú ar an gcumarsáid (íseal, meánach, ard) | ✓ | ✓ | ✓ | | | An Rannán Polaitiúil (ARC) |
| | Prionsabail MSS a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus abhcóideacht pholaitiúil agus ar an leibhéal oifigiúil le comhpháirtithe ábhartha ag leibhéal feidhmiúcháin, parlaiminteach agus údaráis áitiúil, agus tacú le Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas a bhunú mar a fhoráiltear dó i gComhaontú Aoine an Chéasta, a d'fhéadfadh comhairle a chur ar na rialtais agus ar an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas maidir le saincheisteanna sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha, lena n-áirítear mná a chur chun cinn sa saol poiblí. | Líon na dtagairtí a rinneadh do MSS in óráidí, ráitis preasa, ráitis phoiblí, srl. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |
| | | Méadú ar an méid a théann struchtúir iarchoinbhleachta i ngleic le saincheisteanna seanbhunaithe a bhaineann go sonrach le hinscne (íseal, meánach, ard). | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| 4.1.4 Imeachtaí rialta for-rochtana atá ionchuimsitheach a bhunú i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha ar an teorainn chun feasacht ar an gClár Oibre a chur chun cinn. | Grúpa comhairliúcháin Thuaisceart Éireann agus cruinnithe ráithiúla arna mbunú ag Rúnaíocht na hÉireann. | Líon na n-imeachtaí MSS a d'óstáil Rúnaíocht na hÉireann, Béal Feirste.<br>PGN seolta ag Rúnaíocht na hÉireann, Béal Feirste. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | IUKA |
| | Liosta d'eagraíochtaí ban trasghlúine agus trasphobail (lena n-áirítear grúpaí imirceach agus dídeanaithe) a bhunú agus a athbhreithniú go rialta agus gníomhaithe eile sa tsochaí shibhialta a dhíríonn ar MSS ar fud Thuaisceart Éireann a chur san áireamh in imeachtaí for-rochtana MSS. | #N participants at events.<br>Level of diversity (low, medium, high) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| 4.1.5 Sineirgí a chur chun cinn idir MSS agus cumhachtú na mban i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht agus ina raibh coinbhleacht, nuair a dhéantar obair i gcomhar le heintitis san earnáil phríobháideach agus leasanna na hÉireann a chur chun cinn. | Tá na príomhghealltanais sa Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine i gcomhréir le PGN maidir le MSS agus tá siad ag teacht leis an bplean. | Leibhéal chomhtháthaithe beartas agus glactha gealltanas (íseal, meánach, ard). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | An Rannán Polaitiúil (ACD) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍ: ÓGLAIGH NA HÉIREANN AGUS AN ROINN COSANTA** | | | | | | | | |
| 4.1.6 Feabhsaítear gníomhaíocht agus rannpháirtíocht na hÉireann maidir le MSS go réigiúnach agus go hidirnáisiúnta inár gcuid oibre a bhaineann le cosaint. | Abhcóideacht a dhéanamh ar son na hinscne a chur san áireamh i bpleananna oibriúcháin an CBSC AE agus i gcoincheapa bainistíochta géarchéime do mhisin agus d'oibríochtaí míleata agus sibhialta, lena n-áirítear nuair is iomchuí tuairisciú ar leith a dhéanamh go comhuaineach don slabhra ceannais. | % na misean agus na n-oibríochtaí nua CBSC ina bhfuil eilimintí sonracha inscne agus/nó struchtúir tuairiscithe i bhfeidhm. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Roinn Cosanta agus RGET (Rannán Polaitiúil) |
| | Trína rannpháirtíocht sa Chomhpháirtíocht um Shíocháin (PfP), cuideoidh Éire le Beartas agus Plean Gníomhaíochta MSS ECAT/EAPC a chur chun feidhme. | Leibhéal rannchuidithe na hÉireann le gníomhaíochtaí agus clocha míle faoi Chreat Forfheidhmithe Phlean Gníomhaíochta agus Beartas MSS ECAT/EAPC. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Roinn Cosanta agus RGET (i gcomhar le RGET (Rannán Polaitiúil)) |
| | Abhcóideacht a dhéanamh ar son rannpháirtíocht bhaill foirne na hÉireann mar Chomhairleoirí Inscne in oibríochtaí idirnáisiúnta síochána. | Tá na Fórsaí Cosanta rannpháirteach ar leibhéal idirnáisiúnta i réimse MSS. | | | | | | Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann |
| | A chinntiú go léirítear Clár Oibre MSS i ngealltanais oiliúna na hÉireann do Chóras Cumais Ullmhachta Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe. | Cúrsaí Oiliúna i ndáil le hinscne geallta agus leibhéal rannpháirtíochta pearsanra mná ó áiteanna thar lear. | ✓ | ✓ | ✓ | | | Roinn Cosanta |
| | Pearsanra oilte ar inscne a imlonnú thar lear ar bhonn leanúnach chun tuiscint inscne a chuimsiú i bpleanáil agus in oibríochtaí a chur i ngníomh thar lear. | Pearsanra oilte ar inscne imlonnaithe. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Óglaigh na hÉireann |
| **GNÍOMHAÍ: AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS** | | | | | | | | |
| 4.1.7 Cuirtear tiomantas agus gníomhaíocht na hÉireann maidir le MSS chun cinn i measc páirtithe leasmhara intíre. | Tugtar eolas do mhná ó áiteanna ina bhfuil coinbhleacht ar Chlár Oibre MSS. | MSS a chuimsiú sa phacáiste treorach/ faisnéise a thugtar do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn nuair a thagann siad go hÉirinn. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint/GFI |
| | An fhoireann a oiliúint agus a chur ar an eolas go leanúnach faoi Chlár Oibre MSS. | Líon na mball foirne atá oilte ar MSS.<br><br>Tá PGN ar chlár oibre Chláir na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint/GFI |
| | Bealaí cumarsáide idir na páirtithe leasmhara a chothú chun foghlaim agus comhoibriú comhroinnte a fheabhsú.<br><br>Oibreoidh Éire le Ballstáit eile chun cláir ar chomhtháthú a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le hinscne a chuimsiú. | Leibhéal rannpháirtíochta i bhfóraim ábhartha le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint/GFI |
| | Áireofar MSS leis na straitéisí a gus beartais a bhaineann le beartas na hÉireann maidir le comhionannas inscne. | Líon na dtagairtí agus na ngníomhaíochtaí maidir le MSS a mhéadú i ndoiciméid bheartais RDCC. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Comhionannas Inscne |
| 4.1.8 Ailíniú níos fearr idir MSS agus CEDAW | Cuirfear MSS san áireamh i dtuairisciú CEDAW, lena n-áirítear Moladh 30 ach gan a bheith teoranta dó. | #L na dtagairtí a dhéantar do MSS i dtuairisciú CEDAW na hÉireann. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | I gcomhar le RGET (Rannán Polaitiúil)<br><br>(ACD/IUKA) |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tacú le CEDAW a chur chun feidhme ag leibhéal domhanda agus na tíre, le béim ar leith ar Mholadh Ginearálta Uimh. 30 maidir le ról na mban sa choinbhleacht a chosc, suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht agus ina raibh coinbhleacht. | Leibhéal faisnéise a chuirtear ar fáil i dtuarascáil thréimhsiúil na hÉireann don Choiste faoi mholadh ginearálta Uimh. 30 de chuid CEDAW a chur chun feidhme.<br><br>An leibhéal tacaíochta a thugtar do CEDAW a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Moladh Ginearálta a chur chun feidhme i bhfóraim idirnáisiúnta mar is cuí. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | I gcomhar le RGET (Rannán Polaitiúil)<br><br>(ACD/IUKA) |
| **Gníomhaí: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | | | | | | | | |
| 4.1.9 Feabhsófar sineirgí idir MSS agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal intíre maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 agus 16. | Tacú leis na SFI a chur chun feidhme, lena n-áirítear Sprioc 5 agus 16 mar go mbaineann siad le rannpháirtíocht na mban a tháinig ó áiteanna ina bhfuil coinbhleacht agus ina raibh coinbhleacht agus atá ina gcónaí in Éirinn anois. | Forbraíodh clár chun feasacht a mhúscailt ar SFIanna do struchtúir chinnteoireachta áitiúla, d'údaráis áitiúla, ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus comhlachtaí forbartha áitiúla.<br><br>Forbraíodh foireann uirlisí chun cláir agus pleananna a dhearadh agus a phromhadh de réir na SFI.<br><br>Tacú le hacmhainn údarás áitiúil agus earnálacha pobail agus deonacha maidir leis na SFI. | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Aonad Beartais Pobail, RFTP agus Ranna Rialtas ábhartha eile. |

## Plean Oibre don Ghrúpa Maoirseachta ar an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta

| Aschur | Gníomhaíochtaí sonracha | Táscairí feidhmíochta /Cloch mhíle | Bliain feidhmiúcháin | | | | | Ceannaire na Roinne |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | |
| **Gníomhaí: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála** | | | | | | | | |
| Déanfaidh an Grúpa Maoirseachta monatóireacht ar PGN a chur chun feidhme go héifeachtach. | Déanfar éascú ar chruinniú amháin den Ghrúpa Maoirseachta in aghaidh na bliana. | Aiseolas/tuairisc ón nGrúpa Maoirseachta agus grúpaí ar tugadh cuairt orthu. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RGET (ARC) |
| | A chinntiú go gcoinnítear na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo le linn PGN a dhréachtú ar an eolas agus cothrom le dáta maidir lena chur chun feidhme. | Rinneadh an liosta seoltaí a chothabháil agus a nuashonrú<br><br>Líon na nuachtlitreacha a foilsíodh. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RGET (ARC) |
| | Buiséad tiomnaithe a dháileadh ar ghníomhaíochtaí PGN i réimsí na monatóireachta agus bailithe sonraí. | Buiséad ar fáil.<br><br>Infhaighteacht sonraí a mhéadú. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RGET (ARC) |
| | Straitéis Chumarsáide do MSS a fhorbairt, lena n-áirítear acmhainn ar líne chun ábhar ar MSS a scaipeadh. | Cuireadh MSS in iúl go héifeachtach.<br><br>Acmhainn ar líne á húsáid. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RGET (ARC) |
| | Obair a dhéanamh trí na Comhchoistí ábhartha chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna MSS, lena n-áirítear deiseanna chun ceachtanna a roinnt, lena n-áirítear trí dhoiciméid ghearra achoimre PGN agus aon tuarascálacha ar dhul chun cinn a scaipeadh laistigh de chomhlachtaí rialtais, Tithe an Oireachtais, agus na meáin chumarsáide. | Cur i láthair le déanamh go rialta ag an nGrúpa Maoirseachta do na Comhchoistí Oireachtais ábhartha chun feasacht a mhúscailt ar MSS.[4]<br><br>Líon na ndoiciméad a scaipeadh. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | RGET, RDCC |
| | Tá baill Rialtais an Ghrúpa Maoirseachta freagrach as tuairisciú a dhéanamh (mar a léirítear sna téarmaí tagartha) don Ghrúpa ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na gníomhaíochtaí mar atá leagtha amach i PGN. | Nuashonruithe ón Rialtas ag gach cruinniú. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Baill Rialtas an Ghrúpa Maoirseachta |

4. Is iad na Comhchoistí Oireachtais ábhartha i) an Comhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála, ii) an Comhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta

# Iarscríbhinn II: Comhaltaí an Ghrúpa Oibre chun an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a Fhorbairt

**Salome Mbugua** Cathaoirleach Neamhspleách

## Ranna Rialtais/Comhlachtaí Reachtúla

| | |
|---|---|
| **Áine Hearns** | An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, RGET |
| **Caoimh Kett** | Rúnaíocht Idir-rialtais na Breataine/na hÉireann |
| **Vicky Dillon** | Comhoibriú Forbartha agus Rannán na hAfraice, RGET |
| **Frank Groome** | An tAonad um Dhí-armáil agus um Neamhleathadh Arm Ollscriosta, RGET |
| **Eimear O'Brien/ Éibhlín Byrne** | An Rannán um Chomhionannas Inscne/ Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint, RDCC |
| **Diane Nurse** | An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Noreen Woulfe/ Amy Hubbard** | Rannóg na Slándála Idirnáisiúnta agus Beartas Cosanta, An Roinn Cosanta |
| **Gillian Collins** | Comhairleoir Inscne, Óglaigh na hÉireann |
| **Louise Synnott** | Póilíneacht & Slándáil, An Garda Síochána |
| **Laura Leonard/ Emily Carroll** | An tAonad Measúnachta agus Iniúchóireachta, RGET |

## An tSochaí Shibhialta/ An Saol Acadúil / Saineolaithe Neamhspleácha

| | |
|---|---|
| **Louise Williams** | Neamhspleách |
| **Anastasia Crickley** | Ollscoil Mhá Nuad |
| **Egide Dhala** | Wezesha agus An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **Abby Ryan** | Cuibhreannas na hÉireann ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne |
| **Ruth Taillon** | An Lárionad um Staidéar Trasteorann |
| **Mary Montague** | Neamhspleách |
| **Declan Power** | Neamhspleách |
| **Nura Hagi** | Mind the Gap (ENR) |
| **Heidi Riley** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| **Emma Johnson** | Youth Action, Tuaisceart Éireann (ENR) |

## Rúnaíocht – An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, RGET

| | |
|---|---|
| **Aoife Lyons** | Leas-Stiúrthóir |
| **Claire Dowling** | Oifigeach Deisce |
| **Jensen Byrne** | Oifigeach Deisce |
| **Richard O'Neill** | Oifigeach Deisce |

# Iarscríbhinn III: Grafaic maidir le Mná, an tSíochán agus an tSlándáil agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**SFI 1: Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta gach áit**

Fágann coinbhleacht mná an-leochaileach don bhochtaineacht, agus bíonn tionchar tromchúiseach aige sin ar shlite maireachtála, agus scriostar sócmhainní cosúil le háras an teaghlaigh agus talamh talmhaíochta. Ídítear institiúidí, caitear acmhainní agus lagaítear ceannaireacht de bharr na bochtaineachta, agus cuireann sé sa deireadh thiar le héiginnteacht agus le coinbhleacht – agus bíonn tionchar díobhálach aige go háirithe ar mhná.

**SFI 2: Deireadh a chur le hocras; slándáil bia chomhmaith le cothú níos fearr a bhaint amach; agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn**

Tá dlúthnasc idir coinbhleacht agus ocras. Is féidir bia a úsáid freisin mar armlón cogaidh.Bíonn mná agus cailíní freagrach go minic as táirgeadh talmhaíochta agus as teaghlaigh a bheathú agus bíonn siad leochaileach go háirithe do neamhshláine bia.

**SFI 3: Maireachtáil fholláin a dheimhniú agus folláine a chur chun cinn do chách ag gach aois**

Is féidir cur isteach ar an rochtain ar chúram sláinte, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, i gcoinbhleacht agus i socruithe iar-choinbhleachta, agus bíonn mná agus cailíní i mbaol níos mó ó thaobh toircheas gan choinne, mortlaíocht máthar agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha a tholg, lena n-áirítear mar gheall ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht.

**SFI 4: Oideachas d'ardchaighdeán atá cuimsitheach agus cothrom a dheimhniú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách**

I socruithe coinbhleachta, bíonn an soláthar oideachais siar leis agus d'fhéadfadh bacainní breise a bheith ar chailíní rochtain a fháil ar oideachas toisc go mbíonn faitíos orthu roimh ionsaithe spriocdhírithe agus na freagrachtaí breise cúraim agus tí a bhíonn le glacadh acu go minic. Is riachtanas bunúsach é oideachas a chur ar chailíní ionas go mbeidh mná cumhachtaithe i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht.

**SFI 5: Comhionannas inscne a bhaint amach agus mná agus cailíní a chumasú**

Tá SFI 5 ríthábhachtach don Chlár Oibre MSS agus gabhann sé trasna na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe eile trína aithint nach féidir ceann ar bith de na spriocanna a bhaint amach mura mbeidh comhionannas inscne ann.

**SFI 6: Uisce Glan agus Sláintíocht:**

Tá rochtain ar uisce glan agus ar gach cineál sláintíochta, go háirithe bainistiú sláinte mhíosta, bunaithe ar inscne. Bíonn sé sin i bhfad níos déine i gcás coinbhleachta agus gluaiseachta.

**SFI 8: Fás geilleagrach marthanach, cuimsitheach, inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn**

Tá seans níos mó ann go mbeidh mná ag obair in obair nach bhfuil sábháilte, gan íoc, gan dóthain íocaíochta nó neamhshlán. Bíonn sé sin níos measa arís le linn coinbhleachta agus fágann sé gurb iad na mná na príomhsholáthraithe eacnamaíocha agus méadaítear a gcuid leochaileachta do dhúshaothrú.

**SFI 10: Neamhionannas laistigh de thíortha agus idir tíortha a mhaolú**

Is rud é neamhionannas, lena n-áirítear neamhionannas inscne, a spreagann coinbhleacht, foréigean, éagobhsaíocht, imirce éigeantais, bochtaineacht agus díghrádú comhshaoil. Caitear díriú níos mó ar na fachtóirí struchtúrtha a bhíonn ina gcúis le neamhionannas go minic lena n-áirítear idirdhealú, eisiaimh shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil agus easpa roghanna sábháilte imirce.

**SFI 11: Cathracha a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, marthanach agus inbhuanaithe.**

Bíonn dlúthnasc ag díláithriú de bharr coinbhleachta go minic le méadú tobann ar dhaonraí uirbeacha, go háirithe forbairt plódtithe. Tá cineálacha nua coinbhleachta ag teacht chun cinn níos minice i gcathracha. Ní mór d'fhreagairtí domhanda ar uirbiú agus ar nádúr athraithe na coinbhleachta a bheith in ann daoine a thabhairt leo agus a bheith cuimsitheach.

**SFI 13: Gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thionchar**

Bíonn tionchar ar leith ag an athrú aeráide ar mhná agus ar fhir agus cuireann éifeachtaí an athraithe aeráide le coinbhleacht. Bagraíonn ócáidí a bhaineann leis an aeráid ar sholáthairtí bia agus uisce, méadaítear iomaíochas do na táirgí sin agus acmhainní nádúrtha eile agus cruthaítear míshuaimhneas, rud a d'fhéadfadh cur le coinbhleacht.

**SFI 16: Sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe; rochtain ar cheart a sholáthar do chách; agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach agus cuimsitheach a thógáil ag gach leibhéal**

Má táthar chun síocháin agus forbairt a thógáil agus a choimeád ar bun caithfidh mná agus cailíní a bheith rannpháirteach go hiomlán agus go bríoch. Is é Clár Oibre MSS an crosbhealach idir SFI 5 agus 16.

**SFI 17: Na modhanna feidhmithe a neartú agus an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a athbheochan**

Is gá comhpháirtíochtaí a neartú má táthar chun na SFI agus Clár Oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála a bhaint amach. Tá rannpháirtíocht mhór agus chórasach leis an tsochaí shibhialta, le mná agus cailíní a gcuireann coinbhleacht isteach orthu mar ghníomhairí don athrú, rialtais (lena n-áirítear údaráis áitiúla), pobail áitiúla, an earnáil phríobháideach, córas na Náisiún Aontaithe, agus comhlachtaí réigiúnacha, riachtanach.

# Iar-nótaí

1. Tá *The Global Island* agus *A Better World* ar fáil ar www.dfa.ie.
2. Is iad seo a leanas na Rúin MSS ghaolmhara: 1820 (2008), 1888 (2008), 1889 (2009), 1960 (2010), 2106 (2013), 2122 (2013), 2242 (2015) agus 2467 (2019).
3. Tá an Staidéar Domhanda maidir le Rún 1325 na Náisiún Aontaithe a Chur Chun Feidhme ar fáil ar http://wps.unwomen.org/.
4. Tá Conclúidí ón gComhairle (15086/18) ar fáil ar www.consilium.europa.eu.
5. Tá an tAthbhreithniú Lár Téarma agus an tAthbhreithniú Deiridh ar an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar fáil ar www.dfa.ie.
6. Rinne Salome Mbugua as Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cathaoirleacht neamhspleách ar an nGrúpa Comhairleach maidir le forbairt an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta.
7. Tá Aighneachtaí i Scríbhinn ar fáil ar www.dfa.ie .
8. Ba cheardlann ullmhúcháin i gcomhair an Chomhairliúcháin Phoiblí a bhí sa chéad cheardlann i gCorcaigh. Bhí an ócáid ar siúl do mhná imirceach amháin agus bhí cuimsiú ar barr an chláir oibre. Seirbhísí éascaithe iomlána lena n-áirítear aistriúchán, iompar agus cúram leanaí lena chinntiú go mbeidh sé ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa phróiseas.
9. Tá an Tuarascáil Deiridh ón gCeardlann Chomhairliúcháin, ar fáil ar www.dfa.ie.
10. Fuarthas 38 aighneacht maidir leis an dara PGN agus d'fhreastail 100 duine ar an gceardlann chomhairliúcháin. Fuarthas 48 aighneacht i scríbhinn le haghaidh an tríú PGN agus chuathas i gcomhairle le 210 duine i rith dhá cheardlann.
11. Tá an plean seo daingnithe de bharr an tiomantais maidir le comhordú agus comhtháthú níos géire ar fud an Rialtais ag teacht leis na prionsabail a bhaineann le gníomh uile Rialtais atá leagtha amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse Ár Seirbhís Phoiblí 2020, ar féidir teacht air ar https://ops2020.gov.ie.
12. Foréigean nach bhfuil gníomhaí soiléir aige, agus atá tógtha i struchtúr sochaí agus fréamhaithe ann.
13. Sainíonn an Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gcás ina bhfuil cosantóirí chearta an duine mná a bhíonn ag cosaint chearta an duine mar chosantóirí baineanna um chearta an duine, agus aon chosantóirí chearta an duine eile a oibríonn ar son chearta na mban nó ar shaincheisteanna inscne.
14. Coiste Feidhmiúcháin UNHCR (2002), Conclúid Ex Com uimh. 93, UNHCR: An Ghinéiv. Luaitear sna treoirlínte inscne go bhfuil riachtanais chosanta speisialta ag mná agus ag cailíní lena n-áirítear 'cosaint ar ionramháil, ar mhí-úsáid agus theacht i dtír ghnéasach agus fhisiceach, agus cosaint ar idirdhealú ó thaobh gnéis nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á seachadadh.
15. Is saoráidí sláinte iad na hIonaid Ilfhreastail a thairgeann tacaíocht shíceasóisialta agus dhlíthiúil mar aon le seirbhísí sláinte do mhná.
16. I measc Straitéisí den sórt sin tá siad seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh: Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, Na Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta d'Ionaid Soláthar Díreach atá ar fáil ar www.justice.ie; tá an Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Foréigean ar bhonn Inscne ar fáil ar www.cosc.ie; tá an National Intercultural Health Strategy ar fáil ar www.hse.ie; agus tá faisnéis maidir le buiséadú inscne ar fáil ar www.gov.ie.

# Nótaí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland